Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10126/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0165(COD)**

**TRANS 221**
**MAR 80**
**OMI 47**
**CODEC 1016**
**IA 132**
**ILO 6**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 271 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 271 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 271 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2023
COM(2023) 271 final

2023/0165 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2023) 202 final} - {SWD(2023) 148 final} - {SWD(2023) 149 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Cúiseanna agus cuspóirí leis an togra

Baineann an togra seo le leasú ar Threoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stáit ar chalafoirt a chur chun feidhme[1]..

Le Treoir 2009/16/CE (dá ngairtear an Treoir anseo feasta) rialaítear cigireachtaí ar rialú Stáit ar chalafoirt ar leibhéal an Aontais. Is éard is rialú Stáit ar chalafoirt (RSC) ann córas cigireachta ar longa coigríche i gcalafoirt stát seachas an stát brataí a dhéanann oifigigh RSC lena fhíorú go gcomhlíonann inniúlacht an mháistir, na n-oifigeach agus an chriú ar bord, bail na loinge, agus a trealaimh ceanglais na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta - agus san Aontas Eorpach, dlí an Aontais is infheidhme. Dá réir sin, tá RSC tábhachtach chun an tsábháilteacht mhuirí a áirithiú agus chun an mhuirthimpeallacht a chosaint.

Mar gheall ar a stair agus a chineál idirnáisiúnta, tá struchtúr rialála sonrach forbartha ag an iompar muirí. Ar an leibhéal domhanda, glacadh an creat dlíthiúil idirnáisiúnta faoi choimirce na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta[2] (IMO) agus fógraíonn gníomhaireacht eile de chuid na Náisiún Aontaithe, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), na rialacha lena rialaítear dálaí oibre agus maireachtála ar bord long.

Is ar an Stát ina bhfuil an long cláraithe atá an phríomhfhreagracht as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh long maidir le caighdeáin IMO agus EIS agus a bhfuil an long ina náisiúntacht dá chuid – an Stát brataí. Mar sin féin, níl feidhm ag rialacha an Stáit brataí ach amháin maidir le soithí a bhfuil an bhratach sin ar foluain acu. Tá Stáit bhrataí ann fós atá sásta cead a thabhairt do shoithí faoi bhun caighdeáin faoina mbratacha a oibriú nó nach bhfuil ábalta na rialacha idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú go leordhóthanach. Dá bhrí sin, tá forálacha in go leor de na coinbhinsiúin theicniúla is tábhachtaí de chuid an IMO maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar longa nuair a thugann na soithí cuairt ar chalafoirt choigríche chun lena n-áirithiú go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais idirnáisiúnta.

Chun feabhas a chur ar éifeachtach, thosaigh Stáit chalafoirt a dhéanann cigireachtaí PSC lena gcuid oibre a chomhordú go córasach ar an leibhéal réigiúnach. Is é Meabhrán Comhthuisceana Pháras maidir le rialú stáit ar chalafoirt[3] (dá ngairtear 'Meabhrán Comhthuisceana Pháras' anseo feasta) a tarraingíodh suas in 1982 an chéad cheann de naoi struchtúr idir-rialtasacha ar fud an domhain. Gach ceann de 24 Bhallstát an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) a bhfuil calafoirt acu, chomh maith le Ceanada, Cónaidhm na Rúise[4] agus an Ríocht Aontaithe, is sínitheoirí de Mheabhrán Chomhthuisceana Pháras iad. Ní an tAontas Eorpach ina bhall de.

Ionchorpraítear i dTreoir PSC nósanna imeachta agus uirlisí Mheabhrán Comhthuisceana Pháras mar a comhaontaíodh in 2009. Tá Meabhrán Comhthuisceana Pháras agus Treoir PSC bunaithe ar choincheapa an ualaigh chomhroinnte agus ar chigireachtaí spriocdhírithe comhchuibhithe.

---

[1] IO L 131, 28.5.2009, lch 57

[2] I measc na rialacha idirnáisiúnta tá an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS 74), an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol 73/78), Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire (STCW), an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Ualachlínte, 1966 agus an Coinbhinsiún ar na Rialacháin Idirnáisiúnta chun Imbhualadh ar Muir a Chosc, 1972 (COLREG 72).

[3] www.parismou.org

[4] I ndiaidh ionradh na hÚcráine, cuireadh ballraíocht Chónaidhm na Rúise i Meabhrán Comhthuisceana Pháras ar fionraí i mí na Bealtaine 2022.

Soláthraíonn an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), an tacaíocht theicniúil is gá do Bhallstáit uile LEE agus Mheabhrán Comhthuisceana Pháras lena chinneadh cad iad na soithí is gá cigireacht a dhéanamh orthu, agus chun torthaí cigireachtaí PSC a thuairisciú agus a roinnt trí bhunachar sonraí Thetis (arna óstáil ag EMSA) agus oiliúint maidir le conas cigireachtaí a dhéanamh. Soláthraítear faisnéis do Bhallstáit LEE freisin faoi na soithí a bhfuil sé beartaithe acu cuairt a thabhairt ar a gcalafoirt trí chóras malartaithe faisnéise muirí an Aontais 'SafeSeaNet'[5] chun gur féidir leo a gcigireachtaí a phleanáil.

Is iad is príomhchuspóirí leis an Treoir PSC:

(i) feabhas a chur ar shábháilteacht mhuirí agus ar shlándáil mhuirí ar bhonn leanúnach;

(ii) feabhas leanúnach a chur ar chosc ar thruailliú agus ar an tionchar ar an gcomhshaol;

(iii) feabhas a chur ar dhálaí maireachtála agus oibre ar bord loinge ar bhonn leanúnach;

(iv) saobhadh iomaíochta a sheachaint.

Chuige sin, is iad seo a leanas príomheilimintí chóras PSC an Aontais:

(i) cur chuige comhchuibhithe a ghlacadh maidir le cigireachtaí nó coinneálacha;

(ii) go ngeallfaidh gach Ballstát cigireacht bhliantúil a dhéanamh

(iii) díriú ar longa a ndéanfar cigireacht orthu bunaithe ar phróifíl riosca loinge (SRP) do gach long ar leith agus

(iv) taifid a choinneáil agus faisnéis a roinnt (bunachar sonraí cigireachta).

Ó tháinig an Treoir bhfeidhm, leasaíodh i chun an Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí, 2006 (MLC, 2006) a fhorfheidhmiú[6]. Thairis sin, san Aontas, tá feidhm ag rialacha sonracha ar leith maidir le báid farantóireachta i seirbhís rialta[7], ceanglais árachais[8] , rialú dramhaíola arna giniúint ag longa agus iarmhair lasta[9], athchúrsáil long atá sábháilte agus neamhdhíobhálach don chomhshaol[10] agus faireachán, tuairisciú agus fíorú (MRV) astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) i gcás[11] ina seiceálann cigireachtaí PSC forfheidhmiú na rialacha sin. I gcás gníomhartha dlíthiúla eile de chuid an Aontais, amhail rialú an chion sulfair i mbreoslaí muirí, úsáidtear PSC freisin chun seiceáil a dhéanamh i

5 Is córas é seo arna óstáil agus arna fhorbairt ag EMSA trínar féidir leis na Ballstáit faisnéis faoi longa agus faoina lastaí guaiseacha a sholáthar agus a fháil. Soláthraíonn leis, i measc nithe eile, aitheantas, suíomh agus stádas loinge; amanna imeachta agus teachta; tuairiscí teagmhas, sonraí maidir le lastaí guaiseacha.

6 Treoir 2013/38/AE an 12 Lúnasa 2013 lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt a chur chun feidhme (IO L 218, 14.8.2013, lch. 1)

7 Treoir (AE) 2017/2110 an 15 Samhain 2017 maidir le córas cigireachtaí d'oibriú sábháilte long paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais i seirbhís rialta agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017).

8 Treoir 2009/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hárachas úinéirí long ar éilimh mhuirí (IO L 131, 28.5.2009, lch. 128)

9 Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n- aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 11).

10 Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hathchúrsáil long agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 agus Treoir 2009/16/CE (IO L 330, 10.12.2013, lch. 1).

11 Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55)

bhformhór Bhallstáit an Aontais ag PSC[12]. Tá rialú Stáit ar chalafoirt san Aontas bunaithe den chuid is mó ar rialacha agus nósanna imeachta Mheabhrán Comhthuisceana Pháras ach níl feidhm ag na forálacha seo an Aontais maidir le sínitheoirí Mheabhrán Comhthuisceana Pháras nach bhfuil sa LEE.

Bhí an Treoir ina hábhar do mheastóireacht ex post agus do sheiceáil oiriúnachta Muirí (in éineacht le píosaí eile de reachtaíocht um shábháilteacht mhuirí an Aontais) in 2018. Ó tháinig an Treoir i bhfeidhm, tá faireachán leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún uirthi freisin agus sainaithníodh na fadhbanna seo a leanas:

1) níl ceanglais reatha an Aontais ag teacht le rialacha éigeantacha idirnáisiúnta nua agus nósanna imeachta nua a comhaontaíodh ar an leibhéal réigiúnach (an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta – IMO, agus Meabhrán Comhthuisceana Pháras);

2) níl feidhm ag ceanglais reatha an Aontais maidir le soithí iascaireachta – coinbhinsiúin idirnáisiúnta áirithe a bhfuil feidhm acu maidir le soithí iascaireachta os cionn 24 mhéadar ar fad, agus a d'fhéadfadh PSC a fhorfheidhmiú, nó ní dhéantar cigireacht orthu ar bhealach comhordaithe;

3) déantar cigireachtaí PSC a dháileadh go míchothrom ar fud chalafoirt an Aontais;

4) níl dearadh reatha phróifíl riosca na loinge agus an tsásra spriocdhírithe a úsáidtear chun longa a ndéanfar cigireacht orthu a roghnú cothrom le dáta;

5) braitheann an córas an iomarca ar chóras anásta deimhnithe páipéarbhunaithe, agus

6) tá nósanna imeachta neamhleora agus dolúbtha agus acmhainní RSC neamhleora (scileanna, oiliúint) ann.

Tá na fadhbanna a sainaithníodh i bhfeidhm ar fud an Aontais agus tá na bunchúiseanna céanna leo. Cheal gníomhaíochta AE, tá baol ann go n-oibreoidh na Ballstáit ar bhealach neamh-chomhordaithe agus neamh-chomhchuibhithe. Is léir go bhfuil luach Aontais ann maidir le feabhas a chur ar an Treoir chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh.

I bhfianaise an méid sin, tá togra ullmhaithe ag an gCoimisiún chun Treoir 2009/16/CE a leasú. Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an togra:

– Reachtaíocht an Aontais a nuashonrú agus a ailíniú le rialacha agus nósanna imeachta idirnáisiúnta, arna leagan síos ag IMO/EIS nó le Meabhrán Comhthuisceana Pháras;

– Soithí iascaireachta, a gcriú agus an comhshaol a chosaint. Ní áirítear soithí iascaireachta níos mó ná 24 mhéadar ar fad i raon feidhme an rialaithe Stáit an chalafoirt. Ba cheart go méadófaí le córas deonach rialaithe don chineál sin soithigh an leibhéal comhlíonta maidir leis na caighdeáin idirnáisiúnta sábháilteachta agus cosanta comhshaoil is infheidhme maidir leis na soithí sin;

– A áirithiú go nglacfar níos mó le réitigh dhigiteacha. Spreagtar leis, go háirithe, deimhnithe reachtúla leictreonacha a ghlacadh agus a úsáid trína n-úsáid a nascadh leis an bpróifíl riosca long a úsáidtear chun díriú ar longa agus longa a ndéanfar cigireacht orthu a roghnú,

– Cur chuige éifeachtúil agus comhchuibhithe a áirithiú maidir le cigireachtaí PSC a dhéanamh. Áirítear leis sin spriocdhíriú ar bhealach níos fearr ar shoithí a ndéanfar cigireacht orthu trí

[12] Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe (códú) (IO L 132, 21.5.2016, lch. 58)

ghnéithe próifíle riosca na loinge atá as dáta a athstruchtúrú agus trí chomhpháirteanna nua a chur léi.

Ar mhaithe le soiléireacht agus comhsheasmhacht, tugtar roinnt sainmhínithe agus tagairtí do reachtaíocht ghaolmhar an Aontais agus do rialacháin IMO cothrom le dáta sa togra seo freisin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra comhsheasmhach go hiomlán le Treoir 2009/18/CE[13] maidir le himscrúdú ar thionóiscí muirí agus le Treoir 2009/21/CE[14] maidir le ceanglais Stát brataí. Tá gach ceann de thrí threoir an Aontais Eorpaigh maidir le sábháilteacht mhuirí sin bunaithe ar na rialacha agus na caighdeáin atá leagtha síos ag an IMO ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus is bonn iad le chéile do chóras an Aontais chun sábháilteacht oibríochtaí muirí in uiscí an Aontais a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tagann an togra faoi chlár REFIT an Choimisiúin agus cuireann sé a chlár oibre maidir le rialáil níos fearr i gcrích trína áirithiú go bhfuil an reachtaíocht atá ann cheana simplí agus soiléir, nach gcruthaítear ualach léi nach bhfuil gá leis agus go gcoinnítear suas leis na forbairtí polaitiúla, sochaíocha agus teicneolaíocha atá ag teacht chun cinn. Tá an togra seo agus tograí gaolmhara maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na treoracha eile maidir le sábháilteacht mhuirí ina gcuid freisin de chorpas dlí an Aontais lena rialaítear sábháilteacht mhuirí agus a bhfuil idirghníomhaíocht shuntasach acu leis, agus áirítear leis córas faireacháin agus faisnéise um thrácht árthach an Aontais (SafeSeaNet)[15], Rialachán bunaithe EMSA[16], an Treoir maidir le sábháilteacht soithí iascaireachta[17], reachtaíocht an Aontais a bhaineann le heagraíochtaí aitheanta[18], an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí[19] agus reachtaíocht chomhshaoil eile an Aontais[20].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 100(2) CFAE, lena bhforáiltear do bhearta chun sábháilteacht iompair a fheabhsú agus d’fhorálacha sonracha maidir le hiompar ar muir, bunús dlí na treorach leasaithí.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ós rud é gur inniúlacht eisiach de chuid an Aontais faoi Airteagal 3(2) CFAE iad na hionstraimí idirnáisiúnta sa réimse PSC san earnáil iompair mhuirí, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir leis na hionstraimí sin ná maidir le rialacha an Aontais lena gcuirtear na comhaontuithe sin chun feidhme.

---

13 IO L 131, 28.5.2009, lch 114

14 IO L 131, 28.5.2009, lch. 11

15 Treoir 2002/59/CE lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10)

16 IO L 208, 5.8.2002, lch 1

17 IO L 34, 9.2.1998, lch 1

18 Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge (IO L 131, 28.5.2009, lch. 11) agus Treoir 2009/15/CE maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge agus maidir le gníomhaíochtaí ábhartha riarachán muirí (IO L 131, 28.5.2009, lch. 47)

19 IO L 164, 25.6.2008, lch. 19

20 Mar shampla Treoir 92/43/CEE (an 'Treoir maidir le Gnáthóga'), Treoir 2009/147/CE (an 'Treoir AE maidir le hÉin'), Treoir (AE) 2019/904 (an Treoir maidir le Plaistigh Aonúsáide)

- **Comhréireacht**

D'ullmhaigh an Coimisiún an togra chun teacht leis na forbairtí is déanaí ar an leibhéal idirnáisiúnta agus torthaí nósanna imeachta meastóireachta ex-post agus REFIT 2018. Rinne an Coimisiún measúnú tionchair freisin chun bearta malartacha a shainaithint, a mheasúnú agus a mheas chun na cuspóirí céanna a bhaint amach.

Is é is cuspóir don leasú atá beartaithe feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí trí chóras cigireachtaí PSC atá cothrom le dáta, comhleanúnach agus comhchuibhithe a bheith ann ar fud an Aontais chun díriú ar loingseoireacht atá ag tearcfheidhmiú agus ar an dóigh sin feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar fheidhmíocht chomhshaoil soithí a oibríonn in uiscí an Aontais. Measann sé go bhfuil sé iomchuí raon feidhme PSP a leathnú chuig soithí iascaireachta níos mó atá comhréireach toisc go mbeidh sé deonach do na Ballstáit sin ar mian leo an cineál sin cigireachta a dhéanamh. Leis an mbeart sin, ba cheart feabhas a chur ar na dálaí sábháilteachta, comhshaoil agus oibre agus maireachtála in earnáil na hiascaireachta. Cruthófar costais leis an aistriú i dtreo an digitithe agus úsáid r-dheimhnithe ach beidh na costais sin teoranta agus cúiteofar iad leis na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo i gcomhthéacs tionchar sábháilteachta agus éifeachtúlachta níos mó a bhfuiltear ag súil leo uathu. I bhfianaise chineál idirnáisiúnta na hearnála, níl aon bheart malartach ann chun na torthaí sin a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é nach n-éilítear leis an togra ach roinnt leasuithe a dhéanamh ar Threoir 2009/16/CE, is é Treoir leasaitheach an ionstraim dlí is iomchuí.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Thángthas ar an gconclúid i meastóireacht ex post REFIT 2018 agus sa tseiceáil oiriúnachta iompair mhuirí, cé go gcuirtear srian leis an Treoir ar sholúbthacht Mheabhrán Comhthuisceana Pháras go méid áirithe, go gcuirtear luach leis, trí chreat rialaithe Stáit ar chalafoirt a chomhcheangal le sásra forfheidhmithe dlí, chun cur chun feidhme ceart agus comhsheasmhach a áirithiú sna Ballstáit. Bhí brú chun feidhmiú agus feabhsú go leanúnach mar thoradh air sin, agus ar an dóigh sin leithdháileadh acmhainní ar bhealach níos fearr ar leibhéal na mBallstát le haghaidh rialú stáit ar chalafoirt. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur chuir an Treoir leis na cuspóirí beartaithe maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht mhuirí, ar shlándáil mhuirí, ar chosc ar thruailliú agus maidir le dálaí oibre agus maireachtála níos fearr ar bord a áirithiú.

Thacaigh EMSA leis an gcóras um rialú Stáit ar chalafoirt ar bhealaí tábhachtacha. Baineann níos mó ná dhá thrian de Bhallstáit an Aontais/LEE a dhéanann cigireachtaí úsáid as THETIS go heisiach chun na soithí a dhéanfar cigireacht orthu a roghnú. Fuarthas freisin go mbaineann an-tábhacht le ról EMSA maidir le Thetis a bhainistiú agus a nuashonrú, agus leis an oiliúint a chuir EMSA ar fáil do chigirí chun cigireachtaí a chomhchuibhiú ar fud réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.

Ina theannta sin, rinne an Coimisiún agus EMSA faireachán leanúnach ar chur chun feidhme na Treorach. Ós rud é nach mór tuarascálacha cigireachta PSC a uaslódáil ar THETIS a luaithe a chuirfear cigireacht i gcrích, tá forléargas fíor-ama agus mionsonraithe beagnach ag EMSA ar na cigireachtaí go léir a dhéantar. Cuireann EMSA deasc chabhrach agus cúnamh teicniúil ar fáil freisin do Bhallstáit a dteastaíonn cúnamh uathu, agus tugann siad cuairteanna ar Bhallstáit LEE chun comhlíonadh a fhíorú.

Mar sin féin, sainaithníodh leis an tseiceáil oiriúnachta iompair mhuirí agus leis an anailís chothrománach a rinne EMSA roinnt réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu i gcóras PSC.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Áiríodh iad seo a leanas ar na príomhghníomhaíochtaí comhairliúcháin:

– Ceithre agallamh thaiscéalaíocha le hionadaithe ó phríomhpháirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais, go háirithe chun cur le sainiú agus beachtú foriomlán na faidhbe agus na roghanna beartais a d'fhéadfadh a bheith ann.

– Suirbhé spriocdhírithe leis na páirtithe leasmhara a d'eagraigh an sainchomhairleoir a bhí i gceannas ar an staidéar tacaíochta seachtraí a ghabhann leis an measúnú tionchair, suirbhé a bhí ar siúl ón 7 Meán Fómhair 2021 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2021. Seoladh an suirbhé chuig príomhpháirtithe leasmhara mar aon le hiarrataí faisnéise sonracha, go háirithe chun taca chru faoin measúnú ar thionchar na mbeart beartais a d'fhéadfadh a bheith ann.

– Thonóil an sainchomhairleoir a bhí i gceannas ar an staidéar tacaíochta seachtraí a ghabhann leis an measúnú tionchair, 22 agallamh spriocdhírithe a bhí ar siúl ón 13 Iúil 2021 go dtí an 16 Meán Fómhair 2021, leis na príomhpháirtithe leasmhara chun iarrataí sonracha ar fhaisnéis a líonadh, go háirithe chun tacú leis measúnú ar thionchair na mbeart beartais a d'fhéadfadh a bheith ann.

– Gníomhaíochtaí comhairliúcháin breise a d'eagraigh an Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair agus an sainchomhairleoir a bhí i gceannas ar an staidéar tacaíochta seachtraí a ghabhann leis an measúnú tionchair chun dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na príomhpháirtithe leasmhara lena dtuairimí a fháil maidir leis na bearta beartais éagsúla agus chun na torthaí a bhí ag teacht chun cinn agus na torthaí deiridh ón staidéir tacaíochta a ghabhann leis an Measúnú Tionchair a bhailíochtú i gcomhthéacs chainníochtú na dtionchar. Rinneadh na gníomhaíochtaí sin le linn cruinnithe de Choiste an Aontais um Idirphlé Sóisialta Earnála maidir le hiompar muirí (an 16 Aibreán 2021, an 23 Meán Fómhair 2021 agus an 16 Nollaig 2021), de Choiste an Aontais um Idirphlé Sóisialta Earnála maidir leis an Iascach Mara (an 29 Eanáir 2021, an 8 Márta 2021 agus an 16 Samhain 2021), de Choiste an Aontais um Idirphlé Sóisialta Earnála maidir le calafoirt (an 19 Samhain 2021), le linn cruinniú neamhfhoirmiúil de Stiúrthóirí Iompair Mhuirí an Aontais/LEE (an 30 Samhain 2021), le linn cruinnithe fíorúla agus pearsanta de Choiste Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafoirt (an 17 Bealtaine 2021 agus an 31 Bealtaine 2022) le linn chruinnithe Choiste an Aontais um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a chosc (an 17 Bealtaine 2021, an 11 Samhain 2021 agus an 31 Bealtaine 2022).

Bhí an fhaisnéis a bailíodh ó pháirtithe leasmhara ríthábhachtach chun go bhféadfadh an Coimisiún dearadh na roghanna beartais a bheachtú chomh maith lena dtionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a mheasúnú. Chuir sé ar chumas an Choimisiúin comparáid a dhéanamh idir na roghanna agus a fháil amach cad iad na roghanna ar dóigh dóibh an cóimheas is fearr idir costais agus tairbhí don tsochaí a bhaint amach agus cuidiú le sásra rialaithe Stáit ar chalafoirt níos éifeachtaí agus níos éifeachtaí a bhaint amach a dhíríonn ar bhealach níos fearr ar loingseoireacht faoi bhun an chaighdeáin. Comhlánaíodh le torthaí na bpróiseas sin an taighde deisce a rinneadh mar chuid den obair ar an staidéar tacaíochta seachtraí.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tógann an t-athbhreithniú sin go príomha ar na sonraí a bailíodh le linn phróiseas na meastóireachta ex post agus na seiceála oiriúnachta iompair mhuirí 2018 dá dtagraítear roimhe seo.

Le hullmhú an togra seo, ba ghá ionchur a fháil ó shaineolaithe ón gCoimisiún agus ó EMSA freisin maidir le ceapadh sonrach sainmhínithe teicniúla agus maidir le dréachtú soiléir dlíthiúil.

- **Measúnú tionchair**

Scrúdaíodh sa mheasúnú tionchair trí rogha beartais chun an Treoir a leasú, arna bhunú ar na treoirphrionsabail seo a leanas:

(1) an gá atá leis an Treoir a nuashonrú agus a ailíniú le hionstraimí idirnáisiúnta;

(2) an fhéidearthacht dul i ngleic le fadhb shonrach chabhlach na soithí iascaireachta trí fhoráil a dhéanamh maidir le córas sonrach PSP le haghaidh soithí dá leithéid;

(3) digitiú níos fearr ar mhodhanna PSC chun cigireachtaí PSC a bheidh ullmhaithe ar bhealach níos fearr agus a bheidh níos dírithe a éascú – ní mór dreasachtaí maidir le húsáid a bhaint as deimhnithe reachtúla leictreonacha a éascú agus a sholáthar leis an treoir;

(4) cur chuige éifeachtúil agus comhchuibhithe maidir le cigireachtaí RSC, ag baint leas as taithí a fuarthas roimhe seo maidir leis an Treoir a chur chun feidhme agus spriocdhíriú ar bhealach níos fearr ar shoithí a ndéanfar cigireacht orthu.

Moltar le Rogha A roinnt athruithe ar an Treoir chun an sprioc maidir le feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí agus ar truailliú a chosc a bhaint amach ar bhealach níos fearr. Dírítear an rogha sin go príomha ar an Treoir a choinneáil ailínithe le hionstraimí dlí idirnáisiúnta. Bearta neamhrialála is ea formhór na n-athruithe eile atá beartaithe i bhfoirm moltaí, treoirlínte agus ceardlann a eagróidh an Coimisiún agus/nó EMSA.

Tá cothromaíocht bainte amach le Rogha B idir solúbthacht a thabhairt do riaracháin PSC agus comhchuibhiú. Moltar córas PSC deonach do na Ballstáit sin ar mian leo cigireachtaí a dhéanamh ar shoithí iascaireachta os cionn 24 mhéadar i gcomhthráth leis an Treoir reatha (ach lasmuigh di). Áirítear leis freisin soláthar treoirlínte, oiliúint EMSA agus bunachar sonraí cigireachta EMSA chun díriú ar longa agus tuairisc a thabhairt ar chigireachtaí. Spreagtar leis úsáid deimhnithe leictreonacha trína nascadh le próifíl riosca na loinge.

Tá an méadú is airde ar an ualach riaracháin ar riaracháin PSC i gceist le Rogha C ach áiritheofar léi freisin an leibhéal is airde comhchuibhithe ar chigireachtaí freisin. Leis an rogha sin dhéanfaí PSC le haghaidh soithí iascaireachta os cionn 24 méadar a ionchorprú go hiomlán sa Treoir agus imreofaí tionchar ar úinéirí/oibreoirí na soithí sin chomh maith le ar riaracháin PSC na mBallstát. Dhéanfaí sé úsáid deimhnithe leictreonacha sa Treoir éigeantach léi agus dhéanfaí foráil inti do dheimhnithe páipéir a chéimniú amach faoi 2035.

Cuireadh an measúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála lena fhormheas i mí Iúil 2017. D'eisigh an Bord tuairim dhearfach maille le hagúis. Tugtar aghaidh sa doiciméad oibre foirne a ghabhann leis an togra reachtach seo na barúlacha a rinne an Bord.

- Cur i bhfeidhm an chur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach'

Níor sainaithníodh aon chostais bhreise (costais riaracháin nó choigeartaithe) do ghnólachtaí nó do shaoránaigh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú (REFIT)**

Tá an tionscnamh ábhartha do chlár REFIT an Choimisiúin toisc go bhféachann sé le reachtaíocht sábháilteachta muirí a ailíniú agus a shimpliú, le feabhas a chur ar an bpróifíl sábháilteachta (go háirithe próifíl sábháilteachta dheighleog chabhlach na soithí iascaireachta níos mó) agus le cuidiú le húdaráis na mBallstát a n-oibleagáidí cigireachta agus tuairiscithe a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, áirítear sa rogha beartais ab fhearr gnéithe den simpliú, toisc go soiléireofaí inti na cásanna agus na himthosca inar féidir cigireachtaí PSC a chailleadh ar chúiseanna gnáthoibríochtúla nó i gcásanna in force majeure . Táthar ag súil go méadófar léi comhchuibhiú agus caighdeánú ar fud an Aontais trí chúnamh arna sholáthar ag EMSA d'údaráis náisiúnta PSC le hoiliúint maidir le conas cigireachtaí a dhéanamh ar shoithí iascaireachta eachtracha, agus trí bhunachar sonraí cigireachta tiomnaithe a sholáthar chun díriú ar shoithí agus iad a roghnú chun cigireacht a dhéanamh orthu agus chun torthaí na gcigireachtaí a thaifeadadh agus a roinnt

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairtí ag an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá an togra mar bhonn le EUR 6.479 milliún de ghlanchostais reatha le haghaidh Bhuiséad an Aontais thar an tréimhse 2025-2050. Tá tuairisc níos mionsonraithe ar thionchar buiséid an togra tugtha sa Ráiteas Airgeadais Reachtach atá i gceangal leis an togra seo le haghaidh faisnéise. Tá tionchar buiséadach an togra san áireamh cheana féin sa Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002.

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh an CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Sainaithníodh socruithe leormhaithe faireacháin agus tuairiscithe. Beidh ról tábhachtach ag EMSA sa phróiseas sin, toisc go bhfuil an Ghníomhaireacht i gceannas ar chórais sonraí leictreonacha a fhorbairt agus a oibriú le haghaidh iompar muirí, go háirithe bunachar sonraí spriocdhírithe agus tuairiscithe um chigireacht THETIS.

Féadfar faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme tríd an gCoimisiún agus/nó trí fhaireachán EMSA ar bhunachar sonraí Thetis lena fhíorú go bhfuiltear ag spriocdhíriú i gceart ar longa ar a ndéanfar cigireachta agus go bhfuil cigireachtaí á ndéanamh i gceart agus go ndéanfar na tuarascálacha cigireachta a uaslódáil ar an mbunachar sonraí. Ina theannta sin, tugann EMSA faoi thimthriallta cuairteanna ar na Ballstáit chun oibríochtaí ar an talamh a fhíorú mar chuid de ról tacaíochta EMSA

don Choimisiún[21]. Beidh ar na Ballstáit córas bainistíochta cáilíochta a bheith acu lena dheimhniú gur iomchuí a n-eagraíocht, a mbeartais, a bpróisis, a n-acmhainní agus a ndoiciméid chun a chuspóirí a bhaint amach. Ní mór é sin a dheimhniú agus beidh sé faoi réir iniúchadh tréimhsiúil ina dhiaidh sin. Ceanglófar ar na Ballstáit torthaí na n-iniúchtaí arna ndéanamh ag an gcomhlacht creidiúnaithe a roinnt leis an gCoimisiún/EMSA ionas gur féidir leis na húdaráis náisiúnta um rialú Stáit ar chalafoirt a ndeimhniú um chóras bainistíochta cáilíochta a choinneáil.

Ós rud é gur tréimhse 5 bliana a sceidealaíodh i gcomhair fhad thimthriall iomlán chuairteanna cur chun feidhme EMSA a bheartaítear[22], tá sé beartaithe timthriall meastóireachta na Treorach a shocrú ag eatraimh seacht mbliana.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Níl gá le doiciméid mhíniúcháin óir go bhfuil sé mar aidhm leis an togra an córas atá ann cheana a shimpliú agus a shoiléiriú.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Spreagtar le hAithris 11 ar Bhallstáit uile an Aontais atá incháilithe (an Spáinn, an Ghréig, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil agus an tSlóivéin) chun bheith ina gcomhaltaí de Mheabhrán Tuisceana na Meánmhara maidir le rialú Stáit ar chalafoirt feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníocht na gcigireachtaí rialaithe Stáit ar chalafoirt a dhéantar in imchuach na Meánmhara.

Is é Airteagal 1 den dréacht-Treoir leasaitheach an phríomhchuid de agus tá leasuithe ar roinnt mhaith forálacha i dTreoir 2000/16/CE ann.

***Cuspóir, sainmhíniú agus raon feidhme***

I bpointe 1, leasaítear Airteagal 2 agus leathnaítear raon feidhme na Treorach go páirteach leis seo chun roinnt coinbhinsiúin idirnáisiúnta a thabhairt faoi raon feidhme cigireachtaí ar rialú Stáit ar chalafoirt. Is iad sin an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Long (Coinbhinsiún BWM) agus an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Árthaí Raice a Bhaint (Nairobi) a bhfuil an dá cheann acu i bhfeidhm agus ar ghlac Meabhrán Comhthuisceana Pháras leo mar ionstraimí ábhartha.

I bpointe 2, leasaítear an raon feidhme ionas gur féidir leis na Ballstáit siúd, ar mian leo cigireacht a dhéanamh ar shoithí iascaireachta atá níos faide ná 24 mhéadar ar fad faoi CSP, na cigireachtaí sin a dhéanamh.

***Gealltanas cigireachta***

Le pointe 3 déantar athruithe ar an ngealltanas cigireachta (an 'sciar cothrom' mar a thugtar air) agus ar an mbealach a ríomhann agus a gcomhlíonann na Ballstáit é sin. I láthair na huair, tá an gealltanas cigireachta bunaithe ar mheán rollach trí bliana maidir leis na cigireachtaí go léir a rinneadh i réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras. Ciallaíonn sé sin, nuair a dhéanann na Ballstáit cigireacht ar i bhfad níos mó soithí ná mar a fhoráiltear ina leith leis an ngealltanas cigireachta, go méadófar leis sin, le himeacht ama, an gealltanas cigireachta do na Ballstáit uile go carnach. Ríomh EMSA an méadú sin

---

[21] Tugann EMSA cuairteanna den sórt sin faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí mar chuid dá phríomhchúraimí; dá bhrí sin, ní mheastar go dtiocfaidh aon chostais bhreise chun cinn.

[22] Mar a fhoráiltear i Modheolaíocht EMSA le haghaidh cuairteanna ar na Ballstáit, http://emsa.europa.eu/implementation-tasks/visits-and-inspections/items.html?cid=89&id=3065

ag 1-2 % in aghaidh na bliana. Ceapadh an beart seo chun aghaidh a thabhairt ar an ualach breise agus neamhriachtanach sin ar na Ballstáit.

Le pointe 4 agus pointe 5 déantar an Treoir a ailíniú le hathruithe ar Mheabhrán Comhthuisceana Pháras maidir leis an ngealltanas cigireachta agus chun níos mó solúbthachta le haghaidh cigireachtaí a chailltear (ar chúiseanna oibríochtúla nó force majeure) a éascú.

Leasaítear an Treoir le pointe 6  freisin chun níos mó solúbthachta do chigireachtaí a chailltear a éascú agus chun an gealltanas cigireachta a chomhlíonadh.

***Cásanna force majeure***

Le pointe 7, tugtar aghaidh ar an tsaincheist maidir leis an easpa solúbthachta sa chóras PSC i gcásanna géarchéime nó teagmhais gan choinne, amhail paindéim COVID-19. D'fhonn an córas a dhéanamh níos athléimní, tugtar isteach Airteagal 8a nua. Éascaítear leis an mbeart níos mó solúbthachta do na Ballstáit, toisc go gceadaíonn sé dóibh cigireachtaí a chailleadh i gcásanna force majeure, ar choinníoll go ndéanfar an chigireacht a cailleadh a thaifeadadh agus go ndéanfar an chúis leis an gcigireacht a chailleadh a dhoiciméadú.

***Fógra roimh theacht***

Le pointí 8 agus 10 ailínítear an Treoir le hathruithe ar Mheabhrán Comhthuisceana Pháras lena gcuirtear deireadh leis an oibleagáid tuairiscithe 72 uair an chloig le haghaidh soithí atá incháilithe le haghaidh cigireacht mhéadaithe a leagtar amach in Airteagal 9 agus scriostar Iarscríbhinn III– Airteagal 9 agus Iarscríbhinn III. Léirítear i bpointí 16 agus 23 scriosadh Airteagal 9 agus Iarscríbhinn III.

***Paraiméadair chomhshaoil***

Leagtar amach i bpointe 9 na paraiméadair chomhshaoil a chuirfear san áireamh chun próifíl riosca na loinge a shuí a úsáidtear chun díriú ar longa a ndéanfar cigireacht orthu

***Cigireachtaí méadaithe***

Déantar foráil le pointe 10 nach mór do níos mó ná oifigeach amháin um rialú Stáit ar chalafoirt cigireachtaí méadaithe a dhéanamh mar gheall ar a gcastacht.

***Diúltú rochtana***

Le pointí 12 agus 13 leasaítear an Treoir chun í a ailíniú leis na hathruithe arna nglacadh ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras a bhaineann leis an nós imeachta um dhiúltú rochtana (toirmeasc) agus an fhéidearthacht soithí atá ar liostaí liatha nó bána Mheabhrán Comhthuisceana Pháras a thoirmeasc (toirmeasc bratacha dalla) chomh maith le foráil a bhaineann le coinneáil léimthe nó i gcás nach dtéann an soitheach atá á choinneáil ar aghaidh chuig clós deisiúcháin a comhaontaíodh.

***Oiliúint EMSA***

Leagtar amach i bPointe 14 na féidearthachtaí do EMSA maidir le hoiliúint a chur ar fáil do Bhallstáit an Aontais lena gcuid freagrachtaí faoin Treoir a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr, i bhfianaise raon feidhme níos leithne PSC agus feabhsuithe i raon feidhme agus i gcineál na hoiliúna.

Ar an mbonn sin, forbróidh EMSA (in éineacht leis na Ballstáit agus Meabhrán Comhthuisceana Pháras) clár nua forbartha gairmiúla agus oiliúna do chigirí, a bheidh chomhdhéanta de (i) siollabas inniúlachta agus (ii) scéim forbartha gairmiúla. A luaithe a bheidh na gnéithe sin i bhfeidhm, ba cheart don Ghníomhaireacht riachtanais oiliúna nua a shainaithint agus a sholáthar chun curaclaim, siollabais agus ábhar an chláir forbartha gairmiúla agus oiliúna do chigirí a leasú, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí nua agus maidir leis na hoibleagáidí breise a eascraíonn as coinbhinsiúin nua IMO.

***Bunachar sonraí, comhroinnt faisnéise agus deimhnithe leictreonacha***

Le pointe 15 leasaítear an Treoir chun an t-achar ama nach mór na fógraí maidir le teacht agus imeacht na loinge a chur in iúl do SafeSeaNet laistigh de a shoiléiriú agus a shocrú. Le hAirteagal 24(2) den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go n-aistreofar na sonraí sin 'laistigh de thréimhse réasúnta chuig an mbunachar sonraí cigireachta'. Ciallaíonn leasú a dhéanamh ar an Treoir chun am réasúnach a chur san áireamh go ndéanfar tuairisciú na-amanna iarbhír teachta agus imeachta a thuairisciú laistigh de thrí uair an chloig. Foráiltear leis freisin go ndéanfaidh duine (cigire rialaithe Stáit ar chalafoirt eile nó maoirseoir) seachas an cigire a rinne an chigireacht an chigireacht a bhailíochtú sula n-aistreofar an tuarascáil um chigireacht chuig an mbunachar sonraí.

Le pointe 16 leasaítear an Treoir chun Airteagal nua a chur isteach lena bhforáiltear d'úsáid deimhnithe leictreonacha agus lena spreagtar úsáid deimhnithe leictreonacha. Bhraithfeadh siad sin ar theimpléad comhchoiteann, bhainfidís úsáid as uirlis bhailíochtaithe chomhchoiteann agus stór ar leibhéal an Aontais, rud a nascfadh úsáid deimhnithe leictreonacha le próifíl riosca na loinge. Leis an mbeart sin spreagfar eisiúint deimhnithe leictreonacha ag Stát brataí nó ag Eagraíochtaí Aitheanta (ROnna) a ghníomhaíonn thar a gceann (agus a n-úsáid leanúnach in PSC á ceadú) trí phointí a bhronnadh i gcomhair na r-dheimhnithe sin (paraiméadar a chur le próifíl riosca na loinge) i dtreo go measfaí iad mar longa íseal-riosca agus mar sin ní dhíreofaí na cigireachtaí PSC a oiread sin orthu.

***Córas bainistíochta cáilíochta***

Le pointe 18 leasaítear an Treoir chun ceangal a chur ar na Ballstáit córas bainistíochta cáilíochta (QMS) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do ghníomhaíochtaí PSC dá riarachán muirí. Ba cheart go gcuideoidh sé sin leis na riaracháin coinneáil suas leis an gcastacht agus na riachtanais atá ag méadú maidir leis na gcigireachtaí PSC, ionas go bhféadfaí rialú cáilíochta níos fearr a dhéanamh agus fadhbanna amhail saincheisteanna maidir le leithdháileadh acmhainní a léiriú. Beidh feidhm aige maidir le gach Stát calafoirt nach bhfuil QMS arna dheimhniú go seachtrach acu cheana féin dá n-oibríochtaí PSC.

***Gníomhartha tarmligthe***

Foráiltear le pointe 19 go gcumhachtaítear an Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun liosta na gCoinbhinsiún a leagtar amach in Airteagal 2(1) a thabhairt cothrom le dáta más rud é gur ghlac Meabhrán Comhthuisceana Pháras na Coinbhinsiúin sin mar ionstraim ábhartha agus chun Iarscríbhinn VI a leasú chun liosta na nósanna imeachta agus na dtreoirlínte a bhaineann le rialú Stáit ar chalafoirt arna nglacadh ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras a chur leis agus/nó a thabhairt cothrom le dáta.

***Cumhachtaí leasaitheacha***

Foráiltear le pointe 20 go bhfuil aon nuashonrú ar ionstraimí ábhartha IMO a liostaítear in Airteagal 2(1) faoi réir an chlásail chaighdeánaigh maidir le neamh-chúlchéimniú. Ciallaíonn sé sin, má thagann

athruithe ar an leibhéal idirnáisiúnta, go gcoinneofar na caighdeáin in ionstraim an Aontais ar an leibhéal reatha ar a laghad.

***Rialacha cur chun feidhme***

Leagtar amach i bpointe 21, agus gníomhartha cur chun feidhme á nglacadh ag an gCoimisiún, go dtabharfaidh sé aird ar leith ar ról agus ar shaineolas Mheabhrán Comhthuisceana Pháras agus go gcuirfear san áireamh sna gníomhartha sin an saineolas agus an taithí a fuarthas ón gcóras cigireachta san Aontas.

***Athbhreithniú ar chur chun feidhme***

Foráiltear i bpointe 22 go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme na Treorach leasaithe 10 mbliana i ndiaidh í a ghlacadh. Cuirtear san áireamh leis sin an t-am is gá le haghaidh trasuí agus go nglacann timthriall athbhreithnithe EMSA ar chuairteanna ar Bhallstáit 5 bliana ar a laghad de ghnáth.

***Próifíl Riosca Loinge (SRP) – Deimhnithe agus doiciméid***

Leasaítear le pointí 23 agus 24 Iarscríbhinní I agus II a bhaineann le próifíl riosca loinge (SRP). Leasaítear SRP chun na hathruithe a comhaontaíodh cheana i bprionsabal le Meabhrán Comhthuisceana Pháras a chur san áireamh. Áirítear leo sin (i) na pointí ualaithe a chuirtear i bhfeidhm ar chineálacha áirithe soithí agus (ii) Scéim Iniúchóireachta IMO, nach córas deonach é a thuilleadh, ach a gcuirtear fachtóir ualaithe ina hionad chun a chur san áireamh ar dhaingnigh an Stát Brataí na coinbhinsiúin idirnáisiúnta.

Leasaítear an SRP freisin le haghaidh soithí lasta agus paisinéirí os cionn 5000 olltonnáiste (meastar gurb iad sin na cinn is truaillithí), a gcuirfear Táscaire Déine Carbóin IMO an tsoithigh san áireamh ina leith sa SRP. I gcás gach loinge atá incháilithe i leith rialú Stáit ar chalafoirt, coigeartaítear leis an fachtóir ualaithe chun níos mó tábhachta a thabhairt d'easnaimh a bhaineann leis an gcomhshaol (Marpol, an Coinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta agus an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Córais Dhíobhálacha Frithsmálaithe ar Longa a Rialú) a taifeadadh in aghaidh na loinge sin i gcigireachtaí RSC a rinneadh roimhe sin i réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras. Níl na heasnaimh agus na coinneálacha athchódaithe nasctha ach leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta (na hionstraimí ábhartha mar a thugtar orthu) ionas go mbeidh feidhm ag an SRP athbhreithnithe ar fud réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras agus ní i mBallstáit an Aontais amháin. Cuirfear paraiméadar leis freisin chun stáit bhrataí na soithí atá incháilithe i leith PSC a spreagadh chun deimhnithe leictreonacha a úsáid.

***Deimhnithe***

Nuashonraítear le pointe 26 liostaí na ndeimhnithe reachtúla agus na ndoiciméad eile in Iarscríbhinn IV atá le seiceáil le linn cigireachtaí i gcomhréir le ceanglais IMO mar a comhaontaíodh roimhe sin in Meabhrán Comhthuisceana Pháras.

***Nósanna imeachta agus treoirlínte cigireachta***

Chun córas rialaithe Stáit ar chalafoirt atá cothrom le dáta agus comhchuibhithe ar fud an Aontais a éascú, nuashonraítear le pointe 26 Iarscríbhinn VI a bhaineann le treoirlínte agus treoracha cigireachta Meabhrán Comhthuisceana Pháras nach mór cloí leis le linn cigireachtaí, sa leagan cothrom le dáta.

***Diúltú rochtana***

Le pointe 28 nuashonraítear Iarscríbhinn VIII maidir le nósanna imeachta um dhiúltú rochtana (toirmeasc) dá dtagraítear in Airteagal 16 chun iad sin a ailíniú leis na hathruithe a comhaontaíodh cheana i Meabhrán Comhthuisceana Pháras.

2023/0165 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[23],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[24],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i dTreoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] rialacha maidir leis an gcóras le haghaidh cigireachtaí rialaithe Stáit ar chalafoirt, lena ndéantar cigireacht ar longa incháilithe a thagann isteach i gcalafoirt an Aontais lena fhíorú an gcomhlíonann inniúlacht an chriú ar bord agus bail na loinge agus a trealaimh ceanglais na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta um shábháilteacht anama ar muir agus maidir le cosaint na muirthimpeallachta.

(2) Tá Treoir 2009/16/CE bunaithe ar struchtúr idir-rialtasach deonach Mheabhrán Comhthuisceana Pháras maidir le rialú stáit ar chalafoirt atá ann cheana agus ar na coincheapa um ualach comhroinnte cigireachta, spriocdhíriú riosca-bhunaithe ar long ar a ndéanfar cigireachtaí, cigireachtaí comhchuibhithe agus comhroinnt thorthaí na gcigireachtaí.

(3) Ó tháinig Treoir 2009/16/CE i bhfeidhm, tá athruithe tagtha ar an timpeallacht rialála idirnáisiúnta (go háirithe i Meabhrán Comhthuisceana Pháras agus san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta) agus ar fhorbairtí teicneolaíochta. Ba cheart na hathruithe sin chomh maith leis an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme Threoir 2009/16/CE a chur san áireamh.

(4) Tá roinnt coinbhinsiún idirnáisiúnta i bhfeidhm agus tá siad daingnithe ag na Ballstáit ó bhí 2011 ann. Is iad sin an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Long (Coinbhinsiún BWM) agus Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Nairobi maidir le hÁrthaí Raice a Bhaint (Coinbhinsiún Nairobi). Dá bhrí sin, ba cheart iad a chur san áireamh i liosta na gCoinbhinsiún a chumhdaítear le Treoir 2009/16/CE, ionas gur féidir iad a fhorfheidhmiú mar chuid de chóras rialaithe Stáit ar chalafoirt.

---

23 IO C , , p. .

24 IO C , , p. .

25 IO L 131, 28.5.2009, lch 57

(5) Chun córas rialaithe Stáit ar chalafoirt atá cothrom le dáta agus comhchuibhithe a éascú, ní mór go mbeidh bealach níos tapúla ann chun liosta na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta arna bhforfheidhmiú le rialú Stáit ar chalafoirt a thabhairt cothrom le dáta gan gá leis an Treoir iomlán a leasú. Dá bhrí sin, a luaithe a thiocfaidh Coinbhinsiún idirnáisiúnta i bhfeidhm – rud a chiallaíonn go bhfuil leibhéal comhaontaithe daingniúcháin bainte amach aige - agus i ndiaidh do Chomhaltaí Mheabhrán Comhthuisceana Pháras é a ghlacadh mar ionstraim ábhartha, ba cheart don Choimisiún liosta na gCoinbhinsiún sa Treoir a thabhairt cothrom le dáta.

(6) Mar gheall ar a méid beag, oibríonn formhór na soithí iascaireachta san Aontas in uiscí teorann, agus d'fhéadfadh sé nach ndéanfaí cigireacht orthu i gcalafoirt eachtracha. Ciallaíonn sé seo go ginearálta nach dócha go n-oibreodh ach soithí iascaireachta níos mó ná 24 méadar ar fad (arb iad na soithí iascaireachta is mó atá faoi réir coinbhinsiúin idirnáisiúnta freisin) in uiscí idirnáisiúnta agus go dtabharfadh siad ar chalafoirt atá difriúil leis na cinn sa tír ina bhfuil siad cláraithe agus dá bhrí sin bheadh siad faoi réir PSC. Ós rud é go bhfuil formhór na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta is infheidhme maidir le soithí iascaireachta níos mó difriúil leis na cinn atá á bhforfheidhmiú faoi láthair trí rialú Stáit ar chalafoirt agus chun éifeachtaí iarmhartacha neamh-inmhianaithe ar an gcóras rialaithe stáit ar chalafoirt atá ann faoi láthair a sheachaint, tá córas comhthreomhar rialaithe stáit ar chalafoirt maidir le soithí iascaireachta á mholadh.

(7) Mar gheall ar na patrúin iascaireachta, áfach, ní thugann na soithí iascaireachta móra seo cuairt ar gach Ballstát de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, tá córas deonach á mholadh do na Ballstáit sin den Aontas ar mian leo na cigireachtaí sin a dhéanamh agus atá ar leithligh ón gcóras rialaithe stáit ar chalafoirt atá ann faoi láthair chun solúbthacht a éascú sa dóigh a fhorbraítear caighdeáin i rialú Stáit an chalafoirt. Dá bhrí sin, is féidir leis na Ballstáit, Meabhrán Tuisceana Pháras agus an Coimisiún an córas rialaithe Stáit ar chalafoirt soithí iascaireachta atá os cionn 24 mhéadar ar fad a fhorbairt go nádúrtha.

(8) Leis an sásra um chion cothrom, soláthraítear cionroinnt an ualaigh cigireachta i measc Bhallstáit Mheabhrán Comhthuisceana Pháras. Cionroinntear líon áirithe cigireachtaí ar gach Ballstát – a ghealltanas cigireachta nó 'sciar cothrom' - a chaithfear a dhéanamh gach bliain. Déantar incháilitheacht le haghaidh cigireachta a chinneadh go príomha de réir an ama atá caite ón gcigireacht dheireanach. Féadfar cigireacht a dhéanamh ar longa faoi Thosaíocht II agus cigireacht a dhéanamh ar shoithí faoi Thosaíocht I.

(9) Tá cead ag na Ballstáit líon áirithe cigireachtaí 'Tosaíochta' a chailleadh agus a ngealltanas cigireachta a chomhlíonadh fós. I gcás roinnt Ballstát, áfach, d'fhéadfadh líon na gcuairteanna loinge a dhéantar i ndáiríre le linn bliana ar leith a bheith níos mó ná an gealltanas cigireachta cionroinnte nó níos lú ná an gealltanas sin. Fuarthas go raibh modh malartach maidir le comhlíonadh na hoibleagáide um sciar cothrom do na Ballstáit sin (ró-ualaithe nó tearc-ualaithe) dolúbtha, agus dá bhrí sin is gá na forálacha lena mbaineann a ailíniú le forálacha athbhreithnithe Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.

(10) Tá cead ag na Ballstáit freisin cigireachtaí ar longa a chur siar faoi chúinsí áirithe, ar choinníoll go ndéanfar cigireacht ar an soitheach sa chéad chalafort chuarda eile nó laistigh de 15 lá agus go ndéanfar an fhéidearthacht sin a mhionathrú ionas gur féidir leis na Ballstáit uile leas a bhaint as. Ceanglaítear ar chatagóirí áirithe soithí a mheastar go bhfuil riosca níos airde ag baint leo agus atá incháilithe, dá bhrí sin, i leith cigireacht mhéadaithe fógra a thabhairt faoina n-am teachta measta chuig calafort 72 uair an chloig sula dtiocfaidh siad. I ndiaidh roinnt blianta, áfach, thángthas ar an gconclúid go raibh an oibleagáid sin róthrom ar oibreoirí agus nach raibh aon luach breise ag baint léi mar go bhfuil an fhaisnéis atá de dhíth ar na húdaráis náisiúnta ar

fáil níos éasca cheana féin i mbunachar sonraí Thetis. Ar an mbonn sin, cuireadh deireadh le Meabhrán Comhthuisceana Pháras leis an oibleagáid fógartha réamhtheachta dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2009/16/CE a ailíniú dá réir sin.

(11) Le 10 mbliana anuas agus in ainneoin méaduithe ar líon na soithí a thugann cuairt ar chalafoirt an Aontais, lena n-áirítear iompar loingseoireachta gearrthurais earraí idir príomhchalafoirt i mBallstáit an Aontais agus calafoirt atá lonnaithe san Eoraip gheografach nó i dtíortha neamh-Eorpacha ar an Meánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, tá feabhas mór tagtha ar phróifíl sábháilteachta na soithí a thugann cuairt ar chalafoirt an Aontais. Tá cigireachtaí rialaithe Stáit ar chalafoirt á n-úsáid níos mó agus níos mó chun reachtaíocht um chomhshaol a fhorfheidhmiú, amhail i ndáil le hastaíochtaí sulfair nó i ndáil le longa a bhriseadh go sábháilte agus ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Is é is aidhm don phacáiste 'Oirúnach do 55' astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána an Aontais a laghdú 55 % faoi 2030, rud a réiteoidh an bealach i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050, agus táthar ag súil go gcuirfidh an t-iompar muirí leis an iarracht sin. Mar sin féin, bhí tosaíochtaí difriúla ag baint le próifíl riosca loinge a ceapadh roimh 2009 agus ní cuireadh in oiriúint go hiomlán fós iad chun an iarracht chigireachta a dhíriú ar na soithí is lú feidhmíocht ó thaobh an chomhshaoil de.

(12) Ar an mbonn sin, ba cheart próifíl riosca loinge a nuashonrú chun teacht le saincheisteanna comhshaoil trí thábhacht níos mó a cheangal leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil, lena n-áirítear déine carbóin oibríochtúil na long a mbeidh cigireacht á ndéanamh orthu chomh maith le heasnaimh agus coinneáil a bhaineann leis an gcomhshaol.

(13) Tá an digitiú ina ghné thábhachtach den dul chun cinn teicneolaíoch i réimse an bhailithe agus na cumarsáide sonraí d'fhonn cabhrú le costais a laghdú agus le húsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní daonna. Tá méadú ag teacht ar líon na long ar a n-iompraítear deimhnithe leictreonacha faoi láthair agus táthar ag súil go dtiocfaidh méadú air sin. Dá bhrí sin, ba cheart go ndéanfaí éifeachtacht an rialaithe Stáit ar chalafoirt a threisiú trí níos mó úsáide a bhaint as deimhnithe leictreonacha chun cigireachtaí a dhírítear ar longa a bheidh níos ullmhaithe a éascú. Ba cheart glacadh agus úsáid na ndeimhnithe leictreonacha sin a dhreasú trína gcuimsiú i bpróifíl riosca na loinge.

(14) Tá méadú ag teacht ar chastacht an rialaithe Stáit ar chalafoirt de réir mar a chuirtear ceanglais chigireachta nua leis, le dlí an Aontais nó tríd an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta. Is gá, dá bhrí sin, uas-sciliú agus athoiliúint na n-oifigeach um rialú Stáit ar chalafoirt a áirithiú agus a n-oiliúint a fhorbairt go leanúnach.

(15) Tá sé de cheangal ar riaracháin Stáit Bhrataí an Aontais i gcomhréir le Treoir 2009/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] córas bainistithe cáilíochta a bheith acu chun cuidiú leis na Ballstáit a bhfeidhmíocht mar stáit bhrataí a fheabhsú tuilleadh agus chun cothrom iomaíochta idir riaracháin a áirithiú. Le ceanglas comhchosúil maidir le gníomhaíochtaí rialaithe stáit ar chalafoirt, ba cheart go mbeadh na Ballstáit ábalta a dheimhniú gur iomchuí a n-eagraíocht, a mbeartais, a bpróisis, a n-acmhainní agus a ndoiciméid chun a gcuspóirí a bhaint amach chomh maith le fadhbanna córais amhail saincheisteanna a bhaineann le leithdháileadh acmhainní nó pearsanra a shainaithint sula n-éireoidh siad fadhbach.

(16) Chun cur i bhfeidhm cothrom le dáta fhorálacha na Treorach seo a éascú chun go bhféadfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Treoir, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh

---

26 Treoir 2009/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le comhlíonadh ceanglas bratstát (IO L 131, 28.5.2009, lch. 132).

ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na Coinbhinsiúin a thabhairt cothrom le dáta faoi raon feidhme Threoir 2009/16/CE agus i dtaca le leasú a dhéanamh ar liosta na nósanna imeachta agus na dtreoirlínte a bhaineann le rialú Stáit ar chalafoirt arna nglacadh ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos san Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[27]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(17) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme fhorálacha Threoir 2009/16/CE a bhaineann le liosta na gCoinbhinsiún faoina raon feidhme, maidir le córas deonach rialaithe stáit ar chalafoirt le haghaidh soithí iascaireachta os cionn 24 mhéadar ar fad ar an iomlán, maidir leis na coinníollacha maidir le hIarscríbhinn VII a chur i bhfeidhm i dtaca le cigireacht mhéadaithe, maidir leis an tsraith aonfhoirmeach treoirlínte agus nósanna imeachta sábháilteachta agus slándála, mar aon leis na ceanglais le haghaidh deimhnithe leictreonacha, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28].

(18) Chun feabhas a chur ar cháilíocht na gcigireachtaí ar rialú stáit ar chalafoirt i limistéir mhuirí atá gar don Aontas, moltar do gach Ballstát incháilithe ballraíocht a ghlachadh i Meabhrán Tuisceana na Meánmhara maidir le rialú Stáit ar chalafoirt (MT na Meánmhara).

(19) I bhfianaise thimthriall faireacháin iomlán chuairteanna na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) ar Bhallstáit chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2009/16/CE, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2009/16/CE tráth nach déanaí ná [deich mbliana i ndiaidh dháta chur i bhfeidhm na Treorach dá dtagraítear in Airteagal XX)] agus tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis sin. Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún chun an fhaisnéis uile is gá a bhailiú don mheastóireacht sin.

(20) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach go leordhóthanach mar gheall ar chineál idirnáisiúnta an iompair mhuirí, ach seachas sin gur fearr, de bharr éifeachtaí gréasáin na mBallstát agus iad ag gníomhú le chéile, a bheifí ábalta iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(21) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/16/CE a leasú dá réir sin,

[27] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

[28] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lgh. 13).

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Threoir 2009/16/CE**

Leasaítear Treoir 2009/16/CE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear pointe (i) agus pointe (m) isteach mar a leanas i bpointe 1:

'(l) An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Long (Coinbhinsiún BWM);

(m) Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Nairobi maidir le hÁrthaí Raice a Bhaint (Coinbhinsiún Nairobi)

(b) scriostar pointe 3.

(2) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4

'4. Eisiafar ó raon na Treorach seo soithí iascaireachta atá faoi 24 mhéadar ar fad ar an iomlán, longa cogaidh, árthaí cúnta cabhlaigh, longa adhmaid den seandéanamh, longa rialtais a úsáidtear chun críoch neamhthráchtála agus luaimh phléisiúir nach bhfuil i mbun trádála.'

(b) cuirtear an mhír 4a seo a leanas isteach:

'4a. Féadfaidh na Ballstáit cigireachtaí rialaithe stáit ar chalafoirt a dhéanamh ar shoithí iascaireachta atá os cionn 24 mhéadar ar fad ar an iomlán. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear na módúlachtaí a bhaineann le córas sonrach rialaithe stáit ar chalafoirt den sórt sin le haghaidh soithí iascaireachta atá os cionn 24 mhéadar ar fad ar an iomlán. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2).'

(3) in Airteagal 5, cuirtear isteach an mír 2a seo a leanas:

'2a. Maidir le cigireachtaí ar longa faoi Thosaíocht II arna ndéanamh ag na Ballstáit i gcás ina sáraíonn a ngealltanas cigireachta bliantúil 150 % , ní chuirfear san áireamh iad nuair a bheidh gealltanas cigireachta bliantúil na mBallstát is páirtithe i Meabhrán Comhthuisceana Pháras á ríomh.';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*'Airteagal 6*

**Modhanna an chomhlíonta ar an ngealltanas cigireachta**

Ballstát a dteipfidh air na cigireachtaí a cheanglaítear le hAirteagal 5(2)(a) a chur i gcrích, beidh a ghealltanas i gcomhréir leis an bhforáil comhlíonta aige más amhlaidh nach ngabhann an líon cigireachtaí a d'fhág sé gan déanamh thar 10 % de líon iomlán na long faoi Thosaíocht I a thugann cuairt ar a chalafoirt agus ar a ancaireachtaí, beag beann ar a bpróifíl riosca.

D'ainneoin na gcéatadán cigireachtaí a chailltear dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tabharfaidh na Ballstáit tús áite do chigireacht a dhéanamh ar longa arb annamh, de réir na faisnéise sa bhunachar sonraí cigireachta, a gcuairt ar chalafoirt laistigh den Aontas.

D'ainneoin na gcéatadán cigireachtaí a chailltear dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i gcás longa a thugann cuairt ar ancaireachtaí, tabharfaidh na Ballstáit tús áite do chigireacht a dhéanamh ar longa a bhfuil próifíl ardriosca acu, arb annamh, de réir na faisnéise sa bhunachar sonraí cigireachta, a gcuairt ar chalafoirt laistigh den Aontas.

(5) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Ballstát ina bhfuil an líon iomlán cuairteanna ó longa faoi Thosaíocht I agus longa faoi Thosaíocht II níos lú ná 150 % den sciar cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(b), measfar go mbeidh a ghealltanas cigireachta bliantúil comhlíonta aige, má dhéanann an Ballstát sin cigireachtaí ar dhá thrian de na longa faoi Thosaíocht I agus II de líon iomlán na long faoi Thosaíocht I agus II a thugann cuairt ar a chuid calafort agus ancaireachtaí.',

(6) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

1. Féadfaidh Ballstát a chinneadh go gcuirfí cigireacht ar long faoi Thosaíocht I nó faoi Thosaíocht II ar fionraí, sna dálaí seo a leanas:

(a) más féidir an chigireacht a dhéanamh le linn na chéad chuairte eile ag an long ar an mBallstát céanna, ar choinníoll nach dtugann an long cuairt ar aon chalafort eile san Aontas ná i réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras roimh thráth na chéad chuairte eile sin agus ar choinníoll nach faide an tréimhse fionraíochta ná 15 lá; nó

(b) más féidir an chigireacht a dhéanamh i gcalafort cuarda eile laistigh den Chomhphobal nó de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras laistigh de 15 lá, ar choinníoll go bhfuil aontaithe, roimh ré, ag an mBallstát ina bhfuil an calafort sin, an chigireacht a dhéanamh.

2. I gcás nach ndéantar cigireacht ar longa faoi Tosaíocht I nó faoi Thosaíocht II, ar chúiseanna oibríochtúla, ní áireofar é sin mar chigireacht a fágadh gan déanamh, ar choinníoll go ndéantar an chúis a bhí leis an gcigireacht a fhágáil gan déanamh a thaifead sa bhunachar sonraí cigireachta agus gurb ann do na dálaí eisceachtúla seo a leanas:

(a) is é breithiúnas an údaráis inniúil, dá dtéití i mbun na cigireachta go dtiocfadh de sin riosca do shábháilteacht na gcigirí, na loinge, an chriú nó riosca don chalafort nó don timpeallacht mhuirí; nó

(b) gur san oíche amháin a thugann an long an chuairt (dá bhforáiltear in Airteagal 2(10)). Sa chás sin, déanfaidh na Ballstáit pé bearta is gá lena áirithiú go ndéanfar cigireacht, mar is iomchuí, ar longa ar san oíche is gnách iad a theacht chun an chalafoirt.'

(7) cuirtear isteach an tAirteagal 8a seo a leanas:

*'Airteagal 8a*

**Force majeure**

Ní áireofar teip cigireacht a dhéanamh ar chúiseanna *force majeure* mar chigireacht a fágadh gan déanamh, ar choinníoll go ndéanfar an chigireacht a fágadh gan déanamh agus na cúiseanna nach ndearnadh an chigireacht sin a dhoiciméadú agus a thaifead sa bhunachar sonraí cigireachta.'

(8) Scriostar Airteagal 9;

(9) Cuirtear an méid seo a leanas le hAirteagal 10(2)

'(c) Paraiméadair chomhshaoil

Bunófar na paraiméadair chomhshaoil ar Tháscaire Déine Carbóin na loinge agus ar líon na n-easnamh a bhaineann le Marpol, AFS, Coinbhinsiún BWM, CLC 92, an Coinbhinsiún um Ola Umair agus Coinbhinsiúin Nairobi i gcomhréir le hIarscríbhinn I, Cuid I.3 agus Iarscríbhinn II.'

(10) In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Beirt oifigeach rialaithe Stáit ar chalafoirt ar a laghad a dhéanfaidh cigireacht mhéadaithe. Leagtar amach in Iarscríbhinn VII raon feidhme na cigireachta méadaithe, lena n-áirítear na réimsí riosca nach foláir a chumhdach sa chigireacht sin. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta mionsonraithe chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le hIarscríbhinn VII a chur i bhfeidhm. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2).';

(11) in Airteagal 14a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 11, pointe (a) ná Airteagal 14 maidir le longa paisinéirí róró agus le hárthaí paisinéirí ardluais ar sheirbhís rialta a ndéantar cigireacht orthu faoin Airteagal seo.

(12) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Féadfaidh Ballstát diúltú rochtain a thabhairt ar a chalafoirt agus ar a ancaireachtaí d'aon long:

– ar a bhfuil brat aon Stáit ar foluain a thagann faoin liosta ísealfheidmíochta, arna ghlacadh i gcomhréir le Meabhrán Comhthuisceana Pháras ar bhonn na faisnéise arna taifeadadh sa bhunachar sonraí cigireachta agus arna foilsiú ag an gCoimisiún go bliantúil, agus a cuireadh faoi choinneáil níos mó ná dhá uair laistigh de na 36 mhí roimhe sin i gcalafort nó in ancaireacht de chuid Ballstáit nó de chuid Stát is sínitheoir i Meabhrán Comhthuisceana Pháras, nó

– a bhfuil bratach Stáit ar foluain acu a thagann faoin liosta ardfheidhmíochta nó meánfheidhmíochta, arna ghlacadh i gcomhréir le Meabhrán Comhthuisceana Pháras ar bhonn na faisnéise arna taifeadadh sa bhunachar sonraí cigireachta agus arna foilsiú ag an gCoimisiún go bliantúil, agus a cuireadh faoi choinneáil níos mó ná dhá uair laistigh de na 24 mhí roimhe sin i gcalafort nó in ancaireacht de chuid Ballstáit nó de chuid Stát is sínitheoir i Meabhrán Comhthuisceana Pháras.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír den Airteagal seo maidir leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 21(6).

Beidh an diúltú rochtana infheidhme a luaithe a fhágfaidh an long an calafort nó an ancaireacht ina raibh sí faoi réir coinneála don tríú huair agus ina ndearnadh ordú um dhiúltú rochtana a eisiúint.';

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Má chuirtear an long ar coinneáil arís eile dá éis sin i gcalafort nó ar anacaireacht laistigh den Aontas, beidh de thoradh air sin go ndiúltófar rochtain di ar gach calafort agus acarsóid laistigh den Aontais. Féadfar an tríú hordú sin um dhiúltú rochtana a chur i leataobh nuair a bheidh tréimhse 24 mhí caite ó dháta eisiúna an ordaithe, ach é sin ar choinníoll:

– (a) go bhfuil deimhnithe reachtúla agus aicmiúcháin ag an long arna n-eisiúint ag eagraíocht nó ag eagraíochtaí aitheanta faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29];

– (b) go bhfuil an long á bainistiú ag cuideachta a mbaineann ardfheidhmíocht léi i gcomhréir le Cuid I.1 d'Iarscríbhinn I, agus

– go gcomhlíontar na coinníollacha atá liostaithe i míreanna 3 go 9 d'Iarscríbhinn VIII.

Aon long nach mbeidh ag comhlíonadh na gcritéar a shonraítear sa mhír seo tar éis tréimhse 24 mhí ó dháta eisiúna an ordaithe, diúltófar rochtain dóibh choíche ar gach calafort agus gach acarsóid laistigh den Aontas.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4

'4. Má choinnítear soitheach ina dhiaidh sin a mbeidh bratach Stáit ar foluain aige agus atá liostaithe ar an liosta meánfheidhmíochta nó ar an liosta ísealfheidhmíochta, mar a fhoilsítear i dtuarascáil bhliantúil Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, i gcalafort nó ancaireacht laistigh den Aontas i ndiaidh an tríú diúltú rochtana, beidh de thoradh air sin go ndiúltófar rochtain ar bhonn buan don long ar aon chalafort agus ar aon ancaireacht laistigh den Aontas.

(d) Cuirtear mír 4a seo a leanas isteach:

'4a. Má choinnítear long a bhfuil bratach Stáit ar foluain aici atá liostaithe ar an liosta ardfheidhmíochta i gcalafort nó ancaireacht i ndiaidh an tríú diúltú rochtana nó aon diúltú rochtana ina dhiaidh sin agus, tráth an chéad chomhéadain loinge/calafoirt ina dhiaidh sin i gcalafort de chuid an Aontais, go bhfuil deimhnithe reachtúla agus aicmiúcháin ag an long arna n-eisiúint ag eagraíocht nó ag eagraíochtaí aitheanta faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 agus go bhfuil fianaise ann gur thug an cumann aicmiúcháin cuairt ar bord sular eisíodh na deimhnithe sin, diúltófar rochtain don long ar aon chalafort nó ar aon ancaireacht ar feadh tréimhse 24 mhí.

Más rud é, tráth an chéad chomhéadain loinge/calafoirt, nach bhfuil na deimhnithe reachtúla nó aicmiúcháin eisithe ag eagraíocht nó ag eagraíochtaí aitheanta faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009, diúltófar rochtain ar bhonn buan don long ar gach calafort agus gach ancaireacht.'

(13) In Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go ndiúltófar rochtain ar gach calafort agus ar gach ancaireacht laistigh den Aontas do na longa dá dtagraítear i mír 1 a ghabhfaidh chun farraige:

---

29 Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge (IO L 131, 28.5.2009, lch. 11.)';

(a) gan na coinníollacha sin a chomhlíonadh a chinn údarás inniúil aon Bhallstáit i gcalafort na cigireachta; nó

(b) nach gcomhlíonann ceanglais infheidhme na gCoinbhinsiún, trí gan dul go dtí an clós deisiúcháin a socraíodh.

Cuirfear deireadh leis an ordú um dhiúltú rochtana i ndiaidh tréimhse 12 mhí a bheith imithe thart. Beidh feidhm ag an ordú um dhiúltú rochtana ón dáta a eiseofar é.

Coinneofar diúltú dá leithéid sin ar bun go dtí go gcuirfidh úinéir nó oibreoir na loinge fianaise ar fáil chun sástachta údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuarthas fabhtanna sa long, fianaise a thaispeánfaidh go bhfuil ceanglais infheidhme uile na gCoinbhinsiún á lánchomhlíonadh ag an long.'

(14) In Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. I gcomhar leis na Ballstáit agus an saineolas agus an taithí a fuarthas san Aontas agus faoi Mheabhrán Comhthuisceana Pháras á gcur san áireamh, forbróidh an Coimisiún clár forbartha gairmiúla agus oiliúna do chigirí rialaithe Stáit ar chalafoirt. Cuirfear san áireamh sa chlár oiliúna sin raon feidhme níos leithne an rialaithe Stáit ar chalafoirt chomh maith le feabhsuithe ar raon feidhme agus ar chineálacha na hoiliúna.

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, riachtanais oiliúna nua a shainaithint agus a sholáthar ar bhonn leanúnach chun curaclaim, siollabais agus ábhar an chláir forbartha gairmiúla agus oiliúna do chigirí a leasú, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí nua agus maidir leis na hoibleagáidí breise arna n-eascrú as na hionstraimí ábhartha';

(15) leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2

'2. Maidir le faisnéis faoi am teachta iarbhír agus am imeachta iarbhír aon loinge a thugann cuairt ar chalafort nó ar acarsóid, maille le faisnéis aitheantais an chalafoirt sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí chun a áirithiú go n-aistreofar an fhaisnéis sin, laistigh de thrí uair an chloig ón imeacht go dtí an bunachar sonraí cigireachta trí bhíthin chóras an Aontais um malartú faisnéise muirí, SafeSeaNet, dá dtagraítear in Airteagal 3 pointe (s) de Threoir 2002/59/CE. A luaithe agus a bheidh faisnéis dá leithéid sin aistrithe ag na Ballstáit go dtí an bunachar sonraí cigireachta trí bhíthin SafeSeaNet, bíonn díolúine acu ó fhaisnéis a chur ar fáil i gcomhréir le pointí 1.2 agus 2(a) agus (b) d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Treoir seo.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3

'3. Áiritheoidh na Ballstáit, i dtaca leis an bhfaisnéis a bhaineann leis na cigireachtaí a dhéantar i gcomhréir leis an Treoir seo, go n-aistreofar an fhaisnéis sin go dtí an bunachar sonraí cigireachta chomh luath agus a chríochnófar an tuarascáil um chigireacht nó a chuirfear an t-ordú coinneála i leataobh.

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis a aistreofar chuig an mbunachar sonraí cigireachta a bhailíochtú laistigh de 72 uair an chloig chun críocha a foilsithe. Déanfaidh cigire rialaithe Stáit ar chalafoirt nár chuid den fhoireann a rinne an chigireacht an tuarascáil iniúchta a bhailíochtú sula n-aistreofar chuig an mbunachar sonraí í.'

(16) cuirtear isteach an tAirteagal 24a seo a leanas:

*'Airteagal 24a*

**Deimhnithe leictreonacha**

1. I ndlúthchomhar leis na Ballstáit, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos na sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla do chomhéadan comhchuibhithe maidir le tuairisciú, d'uirlis bhailíochtaithe agus do stór lárnach/do bhunachar sonraí do leaganacha leictreonacha de na deimhnithe a liostaítear in Iarscríbhinn IV agus dá dtagraítear in Airteagal 13(1). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31(2).'

2. Féadfaidh na Ballstáit an comhéadan tuairiscithe comhchuibhithe, an uirlis bhailíochtaithe agus an stór lárnach/bunachar sonraí a úsáid le haghaidh leaganacha leictreonacha de na deimhnithe chun aistriú a gclár loinge go deimhnithe leictreonacha a éascú.

3. Léireofar é sin i bpróifíl riosca loinge (SRP) mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II longa a bhfuil bratach Stáit ar foluain acu a eisíonn deimhnithe leictreonacha den sórt sin.

4. Beidh an Ballstát freagrach as eilimintí sonraí a chur isteach, i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla agus theicniúla is infheidhme agus beidh an Ballstát a freagrach i gcónaí as na sonraí agus as bailíocht na faisnéise agus na ndeimhnithe, agus as nuashonrú aon fhaisnéise a athraíodh i ndiaidh í a chur isteach chuig an mbunachar sonraí lárnach.';

(17) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

*'Airteagal 25*

**Faisnéis a mhalartú agus oibriú i gcomhar**

Áiritheoidh gach Ballstát go gcuirfidh a chuid údarás calafort nó a chuid comhlachtaí calafoirt, agus aon údarás nó comhlacht ábhartha eile dá chuid, na cineálacha faisnéise seo a leanas atá ina seilbh ar fáil don údarás inniúil um rialú ag Stáit chalafoirt:

(a) faisnéis maidir le longa ar theip orthu aon fhaisnéis a thabhairt de réir cheanglais na Treorach seo, Threoir 2002/59/CE agus Threoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30], agus, más iomchuí, de réir Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus saoráidí calafort a fheabhsú,

(b) faisnéis i dtaobh longa a chuir chun farraige gan Airteagal 7 de Threoir (AE) 2019/883 maidir le saoráidí glactha calafoirt a bheith comhlíonta acu,

(c) faisnéis i dtaobh longa ar diúltaíodh cead dul isteach dóibh nó a díbríodh amach as calafort ar chúiseanna slándála,

faisnéis i dtaobh aimhrialtachtaí dealraitheacha i gcomhréir le hAirteagal 23.'

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30:

---

30 Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116 ).'

*'Airteagal 30*

**Faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh ag na Ballstáit agus ar a bhfeidhmíocht**

Chun a áirithiú go gcuirfear an Treoir seo chun feidhme go héifeachtach agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú ginearálta chóras an Aontais i dtaca leis an rialú Stáit ar chalafoirt i gcomhréir le hAirteagal 2(b) pointe (i) de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, baileoidh an Coimisiún an fhaisnéis is gá agus tabharfaidh sé cuairteanna ar na Ballstáit.

Déanfaidh gach Ballstát córas bainistithe cáilíochta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chothabháil do chodanna oibríochtúla ghníomhaíochtaí a riaracháin a bhaineann le Stát an chalafoirt. Deimhneofar an córas bainistíochta cáilíochta sin i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta idirnáisiúnta is infheidhme.';

(19) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 71:

*'Airteagal 30a*

**Gníomhartha tarmligthe**

Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30b, chun Airteagal 2(1) a leasú chun liosta na gCoinbhinsiún a leagtar amach in Airteagal 2(1) a leasú a luaithe a ghlacfaidh Meabhrán Comhthuisceana Pháras na Coinbhinsiúin sin mar ionstraim ábhartha agus chun Iarscríbhinn VI a leasú chun liosta na nósanna imeachta agus na dtreoirlínte a bhaineann le rialú Stáit ar chalafoirt a ghlac Meabhrán Comhthuisceana Pháras a leagtar amach san Iarscríbhinn sin a chur leis agus/nó a thabhairt cothrom le dáta.'

(20) in Airteagal 31, cuirtear isteach an méid seo a leanas:

'4. Féadfar leasuithe ar na hionstraimí ábhartha a liostaítear i bpointe 1 d'Airteagal 2 a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002.'

(21) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 33:

*'Airteagal 33*

**Rialacha cur chun feidhme**

Agus iad ag leagan síos na rialacha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagail 2(2) 3(4a), 10(3), 10(4), 14(4), 15(3), 18a(7), 23(5) 24a(6) agus in Airteagal 27 i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 31(2), déanfaidh an Coimisiún cúram ar leith de go dtabharfar san áireamh sna rialacha sin, an saineolas agus an taithí a fuarthas trí bhíthin an chórais cigireachta atá san Aontas agus é sin de réir an tsaineolais a fuarthas faoi réir Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.'

(22) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 35:

*'Airteagal 35*

**Athbhreithniú ar chur chun feidhme**

Faoin *[OF: Cuir isteach dáta: deich mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]* cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme agus comhlíonadh na Treorach seo.'

(23) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo.

(24) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn II.

(25) Scriostar Iarscríbhinn III.

(26) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn IV.

(27) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn V.

(28) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn VIII.

*Airteagal 2*

**Trasuí**

1. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a ghlacadh agus a fhoilsiú, faoin *[OF: Cuir isteach dáta:* bliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]: na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an dóigh chun tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs na bpríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

**Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 'GNÍOMHAIREACHTAÍ'

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh treoir Ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| Soghluaisteacht agus Iompar – Sábháilteacht Mhuirí |

### 1.3. Baineann an togra le

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[31]**

☑ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **cumas birt amháin nó níos mói dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

| |
|---|
| Is é an cuspóir ginearálta le leasú a dhéanamh ar Threoir 2009/16/CE cothroime iomaíochta a choinneáil agus saobhadh margaidh a sheachaint, ardleibhéil sábháilteachta muirí a áirithiú agus cosc ar thruailliú muirí a áirithiú. Cuireann an t-athbhreithniú seo freisin le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) 3 ('Beatha shláintiúil a áirithiú agus dea-bhail a chur cinn do chách ag gach aois') agus SFI 14 ('Na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe'). |

*1.4.2. Cuspóir(í) sonrach(a)*

| |
|---|
| Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an athbhreithnithe:<br><br>Reachtaíocht an Aontais a ailíniú le rialacha agus nósanna imeachta idirnáisiúnta nua, cibé acu ar leibhéal IMO/EIS nó ar leibhéal Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.<br><br>Soithí iascaireachta, a bhfoirne agus an comhshaol a chosaint.<br><br>A áirithiú go nglacfar níos mó le réitigh dhigiteacha.<br><br>Cur chuige éifeachtúil agus comhchuibhithe a áirithiú maidir le tabhairt faoi chigireachtaí um rialú Stáit ar chalafoirt. |

[31] Mar a thagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar ba cheart a bheith ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Leis an togra, meastar go ráthófar leibhéal comhchuibhithe ard sábháilteachta maidir le rialú stáit ar chalafoirt ar fud an Aontais agus go dtabharfar isteach córas digitithe chun éifeachtúlacht na gcigireachtaí a mhéadú trí spriocdhíriú riosca-bhunaithe níos fearr ar longa, trí chigireachtaí a bheidh níos ullmhaithe agus trí malartú faisnéise ábhartha níos éasca agus níos tapúla. Táthar ag súil freisin go méadófar an tábhacht a bhaineann leis na gnéithe comhshaoil a bhaineann le rialú stáit ar chalafoirt leis.

Meastar freisin go méadófar leis an togra cosaint soithí iascaireachta, cosaint a gcriú agus cosaint an chomhshaoil trí líon na ndaoine a chailltear agus na gortuithe a tharlaíonn a laghdú, agus an breosla ola umair a chailltear ar muir a laghdú.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar an méid atá bainte amach.*

Cinnfear éifeachtacht na Treorach atá beartaithe, i ndáil le cuspóir sonrach Uimh. 1, bunaithe ar an anailís chothrománach a dhéanfaidh EMSA agus ar an bplé i gceardlanna.

Cinnfear éifeachtacht na Treorach atá beartaithe, maidir le cuspóir sonrach Uimh. 2, bunaithe ar líon na gcigireachtaí ar shoithí iascaireachta níos mó (os cionn 24 mhéadar ar fad) agus ar na tuarascálacha a cuireadh isteach i mbunachar sonraí um thuairisciú spriocdhírithe agus cigireachta Thetis chomh maith le líon na n-easnamh agus/nó méid na coinneála a thaifeadtar i gcoinne soithí den chineál sin a thugann cuairt ar chalafoirt an Aontais.

Cinnfear éifeachtacht na Treorach atá beartaithe maidir le cuspóir sonrach Uimh. 3 tríd an bhfaisnéis a uaslódálfar ar THETS. Líon na ndeimhnithe leictreonacha arna n-uaslódáil ag stáit bhrataí chuig uirlis bhailíochtaithe agus stór lárnach EMSA chomh maith le líon na gcigireachtaí ina n-úsáidtear deimhnithe leictreonacha.

Cinnfear éifeachtacht na Treorach atá beartaithe, i ndáil le cuspóir sonrach Uimh. 4, bunaithe ar thorthaí na gcigireachtaí bliantúla ar an gCóras Bainistíochta Cáilíochta a roinnfear leis an gCoimisiún, ar líon na gcigireachtaí arna ndéanamh ag níos mó ná cigire amháin, agus ar líon na dtuarascálacha cigireachta anra mbailíochtú ag duine éigin seachas an cigire a bheidh i mbun na cigireachta agus ar líon na nósanna imeachta um sháruithe sna blianta amach romhainn.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n- áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Beidh ar EMSA oiliúint a eagrú d'Oifigigh um Rialú Stáit ar Chalafoirt (PSCOnna) maidir le soithí móra iascaireachta ina ndíreofar go príomha ar threoirlínte ábhartha an Aontais, agus na cúrsaí ábhartha a fhorbairt. Beidh ar EMSA freisin modúl THETIS a fhorbairt le haghaidh soithí iascaireachta agus curaclam coiteann le haghaidh Rialú Stáit an Chalafoirt ar shoithí iascaireachta lena gcumhdófar na treoracha agus an treoraíocht ábhartha ar fad.

Ceanglófar ar EMSA oiliúint PSCOnna a eagrú maidir le deimhnithe reachtúla leictreonacha a úsáid agus beidh air uirlis bhailíochtaithe agus stór a fhorbairt.

Ceanglófar ar EMSA uirlisí oiliúna/forbairt acmhainne feabhsaithe a fhorbairt le haghaidh PSCOnna ar theicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, breoslaí

inathnuaite agus ísealcharbóin, atá an-ábhartha i bhfianaise an phacáiste 'Oiriúnach do 55', agus uathoibriú trí uirlisí oiliúna ar líne EMSA a fheabhsú agus saineolaithe a earcú.

Faoi 2025, beidh gá le 2 FTE chun tacú le cúraimí EMSA leis na huirlisí a fhorbairt.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante)

Le beart an Aontais i réimse na sábháilteachta muirí cinntítear cur i bhfeidhm comhchuibhithe na gcaighdeáin sábháilteachta agus comhshaoil, agus laghdaítear aon bhuntáiste iomaíoch trí úinéirí loinge agus/nó Stáit Bhrataí a d'fhéadfadh iarracht a dhéanamh buntáiste den sórt sin a fháil trí gan cloí go docht leis na rialacha agus na caighdeáin a leagtar amach sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a dhídhreasú. Trí nósanna imeachta agus uirlisí Mheabhrán Comhthuisceana Pháras a ionchorprú sa reachtaíocht Eorpach, beidh siad sin inghníomhaithe os comhair Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh, rud a áiritheoidh go ndéanfar iad a fhorfheidhmiú ar bhonn aonfhoirmeach san Aontas.

An breisluach ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (ex post)

Tá buntáistí ag baint le hidirghabháil ar leibhéal an Aontas nach mbeadh indéanta ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal IMO nó Mheabhrán Comhthuisceana Pháras amháin. Breisluach an Aontais maidir le hidirghabháil san earnáil, maidir lena héifeachtacht, a héifeachtacht agus a sineirgí a sholáthraítear léi. Leis an Treoir tugtar reachtaíocht an Aontais i gcomhréir le rialachán IMO agus beidh tuairisciú comhchuibhithe ar rialú stáit ar chalafoirt mar thoradh air. Maidir le soithí iascaireachta níos mó, léirítear i sampla Mheabhrán Comhthuisceana Pháras agus na Treorach de réir mar atá feidhm aige maidir le soithí iompair tráchtála nach féidir aghaidh a thabhairt ar an gceist sin ach le nósanna imeachta comhchuibhithe agus critéir chomhchoiteanna do PSC na soithí sin. Mura ndéanfaí an Treoir a oiriúnú, bhainfí na tairbhí sineirgisteacha a bhaintear amach trína cur chun feidhme.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Thángthas ar an gconclúid I meastóireacht ex post REFIT 2018 agus sa tSeiceáil Oiriúnachta Iompair Mhuirí go gcuirtear luach le Treoir PSC trí chreat rialaithe PSC a chomhcheangal le sásra forfheidhmithe dlí, chun cur chun feidhme ceart agus comhsheasmhach a áirithiú sna Ballstáit. Bhí brú chun feidhmiú agus feabhsú go leanúnach mar thoradh air sin, agus ar an dóigh sin leithdháileadh acmhainní ar bhealach níos fearr ar leibhéal na mBallstát le haghaidh rialú stáit ar chalafoirt. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur chuir an Treoir PSC leis na cuspóirí beartaithe maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht mhuirí, ar shlándáil mhuirí, ar chosc ar thruailliú agus maidir le dálaí oibre agus maireachtála níos fearr ar bord a áirithiú.

Thacaigh cúnamh EMSA le córas PSC an Aontais ar bhealaí tábhachtacha. Cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht an tábhacht a bhaineann le bunachar sonraí Thetis. Baineann níos mó ná dhá thrian de Bhallstáit an Aontais/LEE a dhéanann cigireachtaí PSC úsáid as Thetis go heisiach chun na soithí a ndéanfar cigireacht orthu a chinneadh. Fuarthas freisin go mbaineann an-tábhacht le ról EMSA maidir le Thetis a bhainistiú agus a nuashonrú, chomh maith le

soláthar oiliúna cigirí ag an nGníomhaireacht chun na cigireachtaí cur chun feidhme a chomhchuibhiú ar fud réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras. Mar an gcéanna, léiríodh leis an tSeiceáil Oiriúnachta Iompair Mhuirí roinnt feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir le PSC.

Léirítear torthaí na meastóireachta ex post sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an tionscnamh seo mar a achoimrítear in Iarscríbhinn 5.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Is príomhsprioc insoláthartha é an t-athbhreithniú atá beartaithe den Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, ina leagtar amach fís an Aontais don chóras iompair amach anseo. Fógraíodh leis an straitéis go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú mór a thionscnamh ar an reachtaíocht atá ann cheana maidir le freagrachtaí Stát brataí, rialú stáit ar chalafoirt agus imscrúdú ar thimpistí in 2021 (faoi Shuaitheantas 10 - Sábháilteacht agus slándáil iompair a fheabhsú).

Cruthófar leis an athbhreithniú atá beartaithe sineirgí le píosaí eile de chreat rialála an Aontais, go háirithe Treoir 2009/18/CE maidir le himscrúdú ar thionóiscí agus Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh.

Tá an togra comhoiriúnach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha, cé go mbeidh gá le hathchlárú a dhéanamh faoi Cheannteideal 1 a mhéid a bhaineann leis an ranníocaíocht bhliantúil le EMSA (fritháireamh buiséadach trí laghdú cúiteach ar chaiteachas cláraithe faoi Iompar CEF (02 03 01)). Tá tionchar buiséadach an togra reatha san áireamh cheana féin sa bhuiséad don Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002.

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n- áirítear na féidearthachtaí athdháileadh a dhéanamh*

Ciallaíonn tionchar buiséadach an tionscnaimh seo na hacmhainní breise is gá chun éascaíocht a dhéanamh ar ról EMSA atá ag méadú maidir leis na PSCOnna (i.e. i ndáil le soithí móra iascaireachta, oiliúint a eagrú agus modúl Thetis agus curaclam comhchoiteann a chlúdach, i ndáil le deimhnithe leictreonacha, uirlis bhailíochtaithe agus stór a fhorbairt, agus uirlisí oiliúna feabhsaithe/forbairt acmhainne ar theicneolaíochtaí nua a fhorbairt, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, breoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin, agus uathoibriú) faoin Treoir atá beartaithe. Is cúraimí nua iad sin do EMSA a thiocfaidh chun bheith ina gcúraimí buana, agus ní thiocfaidh aon laghdú ar na cúraimí atá ann cheana ná ní chuirfear deireadh leo go páirteach de réir a chéile. Ní féidir freastal ar an ngá breise atá le hacmhainní daonna trí ath-imlonnú, agus comhlíonfar na riachtanais bhuiséadacha bhreise trí fhritháireamh a dhéanamh ar chláir atá ann cheana arna mbainistiú ag Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

Déanfar an méadú ar leithreasuithe le haghaidh EMSA a fhritháireamh le laghdú cúiteach ar chaiteachas cláraithe faoi Iompar CEF (02 03 01). Tá tionchar buiséadach an togra reatha san áireamh cheana féin sa bhuiséad don Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002.

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

1.6. **Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☑ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cur chun feidhme lena mbaineann tréimhse tosaigh ó BBBB go BBBB, *[n.b.]*,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**[32]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún trí

– ☐ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht chomhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐an BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☑ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú leis an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

☐ comhlachtaí arna rialú le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ comhlachtaí nó daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Barúlacha

| |
|---|
| Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí de réir mar is iomchuí, an Treoir atá beartaithe a bhainistiú ar an iomlán.<br>Ceanglófar ar na Ballstáit forálacha na Treorach a thrasuí faoin spriocdháta faoi seach. |

[32] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Beidh an Coimisiún freagrach ar an iomlán as an Treoir atá beartaithe a chur chun feidhme agus as tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme agus comhlíonadh na mBallstát maidir léi.

Tá modh gar d'fhíor-am ag an gCoimisiún maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme fhorálacha na Treorach sna Ballstáit agus ag na Ballstáit ós rud é go gcaithfear torthaí na gcigireachtaí rialaithe Stáit ar chalafoirt a uaslódáil ar bhunachar sonraí Thetis laistigh de 72 uair an chloig ón gcigireacht. Dá bhrí sin, féadfaidh an Coimisiún agus/nó EMSA faireachán a dhéanamh ar bhunachar sonraí Thetis lena fhíorú go bhfuil cigireachtaí á ndéanamh de réir mar is gá agus go ndéanfar na tuarascálacha a uaslódáil ar an mbunachar sonraí. Déanfar faireachán freisin ar na táscairí sin le haghaidh cigireachtaí a dhéantar ar bord soithí iascaireachta atá os cionn ná 24 mhéadar ar fad ag na Ballstáit siúd a dhéanann na cigireachtaí sin.

Féadfaidh an Coimisiún agus/nó EMSA faireachán éifeachtach a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát gach seachtain agus tá a fhios ag na Ballstáit go bhfuil faireachán á dhéanamh orthu má thagann beart chun bheith éigeantach. Sa chás sin, is féidir leis an gCoimisiún beart tapa a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh, lena n-áirítear tacaíocht theicniúil nó oiliúint bhreise ó EMSA nó ón gCoimisiún a osclóidh nós imeachta um shárú.

Ina theannta sin, tugann EMSA, thar ceann an Choimisiúin, cuairteanna ar na Ballstáit chun oibríochtaí ar an talamh a fhíorú.

Beidh ar na Ballstáit Córas Bainistíochta Cáilíochta a bheith acu lena dheimhniú gur iomchuí a n-eagraíocht, a mbeartais, a bpróisis, a n-acmhainní agus a ndoiciméid chun a chuspóirí a bhaint amach. Ní mór é sin a dheimhniú agus beidh sé faoi réir iniúchadh gach cúig bliana ina dhiaidh sin. Beidh ar na Ballstáit torthaí na n-iniúchtaí arna ndéanamh ag an gcomhlacht creidiúnaithe a roinnt leis an gCoimisiún agus/nó EMSA ionas go gcoinneoidh riarachán PSC a dheimhniú um chóras bainistíochta cáilíochta.

Déanfaidh EMSA anailís chothrománach, lena léireofar an dóigh a bhfuil an reachtaíocht ag feidhmiú agus lena sainaithneofar bearnaí agus cad is féidir a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu, agus tuairisceoidh sé don Choimisiún agus do na Ballstáit, trí phlé i gceardlanna i measc nithe eile.

Ar deireadh, deich mbliana i ndiaidh dheireadh dháta chur chun feidhme na reachtaíochta, ba cheart do sheirbhísí an Choimisiúin meastóireacht a dhéanamh lena fhíorú a mhéid a baineadh amach cuspóirí an tionscnaimh.

### 2.2. Córas/córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Beidh an Coimisiún freagrach ar an iomlán as an Treoir atá beartaithe a chur chun feidhme agus as tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir lena héifeachtúlacht agus lena cur chun feidhme. Tabharfaidh EMSA cúnamh don Choimisiún de réir mar is iomchuí maidir leis na seirbhísí TF a sholáthar agus na huirlisí TF is gá chun forálacha

tuairiscithe, faireacháin agus fíoraithe na Treorach atá beartaithe a fhorbairt, chomh maith le hoiliúint a eagrú. Ceanglófar ar na Ballstáit trasuí na Treorach ar a reachtaíocht náisiúnta a dhéanamh faoin spriocdháta a luaitear sa Treoir. Déanfar gníomhaíochtaí forfheidhmithe mar chuid den rialú Stáit ar Chalafoirt.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Cé go mbeidh an Coimisiún freagrach ar an iomlán as an Treoir atá beartaithe a chur chun feidhme agus as tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme agus comhlíonadh na mBallstát maidir léi, beidh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí freagrach as feidhmiú a hoibríochta agus as cur chun feidhme a creata rialaithe inmheánaigh. Ceanglófar air uirlisí agus modúil TF a fhorbairt, chomh maith le hoiliúint a sholáthar d'oifigigh um Rialú Stáit ar Chalafoirt, agus ceanglófar ar na Ballstáit forfheidhmiú a dhéanamh.

Is é ESMA is fearr atá ábalta tuairisciú agus measúnú a dhéanamh ar chúraimí um chomhlíonadh, toisc gur obair theicniúil a bheidh i gceist leis sin, rud a éileoidh saineolas láidir i mbainistiú sonraí, chomh maith le tuiscint chuimsitheach ar ábhair theicniúla chasta a bhaineann le deimhnithe leictreonacha agus le hoiliúint.

Is iad na Ballstáit is fearr atá ábalta forfheidhmiú na Treorach atá beartaithe a chur i gcrích, go háirithe trí leanúint de rialú stáit ar chalafoirt a fhorfheidhmiú ar bhealach comhchuibhithe.

Cuirfidh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair na rialuithe riachtanacha i bhfeidhm i gcomhréir leis an straitéis um mhaoirseacht a glacadh in 2017 maidir le caidreamh na hArd-Stiúrthóireachta le gníomhaireachtaí díláraithe agus le Comhghnóthais. Faoin straitéis, déanann Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair faireachán ar tháscairí feidhmíochta maidir le cur chun feidhme an bhuiséid, na moltaí iniúchóireachta agus cúrsaí riaracháin. Cuireann an Ghníomhaireacht tuarascáil ar fáil ar bhonn débhliantúil. Tá na rialuithe a dhéantar ar mhaoirseacht na Gníomhaireachta agus ar an mbainistiú airgeadais agus buiséadach gaolmhar i gcomhréir le Straitéis Rialaithe Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, arna nuashonrú in 2022.

Cumhdófar na hacmhainní breise a chuirfear ar fáil do EMSA le córas rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca EMSA atá ailínithe leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus lena n-áirítear rialuithe sonracha chun coinbhleacht leasa a chosc agus lena áirithiú go gcosnófar sceithirí.

2.2.3. *Meastachán ar chost- éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Faoin Treoir atá beartaithe, ní sholáthrófar maoiniú breise ach do EMSA, a bheidh riachtanach chun uirlisí agus modúil TF a fhorbairt, chomh maith le hoiliúint a sholáthar do na PSCOnna náisiúnta

Tá freagracht iomlán ar ESMA as a mbuiséad a chur chun feidhme, agus tá Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair freagrach as na ranníocaíochtaí arna mbunú ag an Údarás Buiséadach a íoc go rialta. Is ionann an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis ar íocaíocht agus ar dhúnadh agus an leibhéal a ghabhann leis na fóirdheontais bhuiséid a sholáthraítear don Ghníomhaireacht.

| |
|---|
| Na cúraimí breise a eascraíonn as an athbhreithniú atá beartaithe, ní mheastar go gcruthófar rialuithe sonracha breise leo. Dá bhrí sin, táthar ag súil go meidh an costas rialaithe le haghaidh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair (arna thomhas i gcomparáid le luach na gcistí a bhainistítear) cobhsaí i gcónaí. |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Tá roinnt forálacha sa Treoir atá beartaithe a dhírítear go sonrach ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí a chosc. Beidh ar na Ballstáit Córas Bainistíochta Cáilíochta a bheith acu lena dheimhniú gur iomchuí a n-eagraíocht, a mbeartais, a bpróisis, a n-acmhainní agus a ndoiciméid chun a chuspóirí a bhaint amach. Ní mór é sin a dheimhniú agus beidh sé faoi réir iniúchadh gach cúig bliana ina dhiaidh sin. Beidh ar na Ballstáit torthaí na n-iniúchtaí arna ndéanamh ag an gcomhlacht creidiúnaithe a roinnt leis an gCoimisiún agus/nó EMSA ionas go gcoinneoidh riarachán PSC a dheimhniú um chóras bainistíochta cáilíochta. Foráiltear leis an Treoir freisin go ndéanfaidh duine (cigire rialaithe Stáit ar chalafoirt eile nó maoirseoir) seachas an cigire a rinne an chigireacht an chigireacht a bhailíochtú sula n-aistreofar an tuarascáil um chigireacht chuig an mbunachar sonraí.

Cuireann ESMA prionsabail frithchalaoise na nGníomhaireachtaí AE díláraithe i bhfeidhm, i gcomhréir le cur chuige an Choimisiúin. I mí an Mhárta 2021, ghlac an Ghníomhaireacht Straitéis nuashonraithe Frith-Chalaoise, bunaithe ar an modheolaíocht agus ar an treoir maidir le straitéis frith-chalaoise a chuir OLAF i láthair chomh maith le Straitéis Frith-Chalaoise Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair. Soláthraítear léi creat lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le cosc, brath agus coinníollacha le haghaidh imscrúduithe calaoise ar leibhéal na Gníomhaireachta. Déanann EMSA a bheartais agus a ghníomhaíochtaí a oiriúnú agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach chun an leibhéal is airde sláine d'fhoireann EMSA a chur chun cinn, chun tacú le riosca calaoise a chosc agus a bhrath go héifeachtach agus chun na nósanna imeachta iomchuí a bhunú chun cásanna calaoise féideartha agus a dtoradh a thuairisciú agus a láimhseáil. Ina theannta sin, ghlac EMSA a bheartas um Choinbhleacht Leasa don Bhord Bainistíochta in 2015.

Comhoibríonn EMSA le seirbhísí an Choimisiúin maidir le hábhair a bhaineann le calaois agus neamhrialtacht a chosc. Áiritheoidh an Coimisiún go leanfar leis an gcomhar sin agus go neartófar é.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal nó ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | Difreáilte/neamhdhifreáilte[33]. | ó thíortha de chuid CSTE[34] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[35] | Ó thríú tíortha eile | ioncam eile atá sannta |

[33] Difreáilte = Leithreasuithe difreáilte / Neamhdhifreáilte = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
[34] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
[35] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha is iarrthóirí ionchasacha ó na Balcáin Thiar.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 02 10 02 | Neamhdhifreáilte | IS EA | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid a iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | Difréailte/neamhdhifreáilte | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | ó thríú tíortha eile | ioncam eile atá sannta |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar an gcaiteachas*

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 1 | An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha |

| An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) | | | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028-2034** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: | Gealltanais | (1) | 0.171 | 0.342 | 0.342 | 2.394 | **3.249** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0.171 | 0.342 | 0.342 | 2.394 | **3.249** |
| Teideal 2: | Gealltanais | (1a) | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | |
| Teideal 3: | Gealltanais | (3a) | 0.068 | 0.479 | 0.504 | 1.778 | **2.829** |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 0.068 | 0.479 | 0.504 | 1.778 | **2.829** |
| **IOMLÁN leithreasuithe do EMSA** | Gealltanais | =1+1a +3a | 0.239 | 0.821 | 0.846 | 4.172 | **6.078** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | 0.239 | 0.821 | 0.846 | 4.172 | **6.078** |

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | 'Caiteachas riaracháin' |

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DG: <…….> | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **Iomlán** <…….> | Leithreasuithe AS | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | |

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

| | | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028-2034** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 0.239 | 0.821 | 0.846 | 4.172 | **6.078** |
| | Íocaíochtaí | 0.239 | 0.821 | 0.846 | 4.172 | **6.078** |

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe ESMA*

– ☑ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Éilítear leis togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Méideanna in EUR milliúin (go dtí an trí ionad de dheachúlacha)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[36] | Meánchostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[37]... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Nuair is infheidhme, léirítear leis na figiúir suim ranníocaíocht an Aontais leis an ngníomhaireacht agus ioncam eile na gníomhaireachta (táillí agus muirir).

[36] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[37] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

### *3.2.3. An tionchar measta ar acmhainní daonna ESMA*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

Méideanna in EUR milliúin (go dtí 3 ionad de dheachúlacha) Nuair is infheidhme, léirítear leis na figiúir suim ranníocaíocht an Aontais leis an ngníomhaireacht agus ioncam eile na gníomhaireachta (táillí agus muirir).

| | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028-2034** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Baill foirne shealadacha (Gráid AD) | 0.171 | 0.342 | 0.342 | 2.394 | **3.249** |
| Baill foirne shealadacha (gráid AST) | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | | | | | |
| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0.171** | **0.342** | **0.342** | **2.394** | **3.249** |

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

Riachtanais foirne (FTE):

| | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028-2034** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Baill foirne shealadacha (Gráid AD) | 2 | 2 | 2 | 2 | **2** |
| Baill foirne shealadacha (gráid AST) | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | | | | | |
| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | | | | | |
| **IOMLÁN** | **2** | **2** | **2** | **2** | **2** |

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

Tosóidh EMSA ag ullmhú na earcaíochta a luaithe a ghlacfar an togra. Meastar na costais bunaithe ar an toimhde go n-earcófar an 2 FTE amhail an 1 Iúil 2025. Mar sin ní theastaíonn ach 50 % de na costais AD don chéad bhliain.

3.2.3.2. Na riachtanais acmhainní daonna a mheastar a bheidh ag an máthair-Ard-Stiúrthóireacht

– ☑ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí 1 aonad de dheachúlacha ar a mhéad)*

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 agus 20 01 02 02 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[38] | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| Líne bhuiséid/línte buiséid (sonraigh)[39] - sa Cheanncheathrú[40] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid/línte buiséid (sonraigh)[39] - i dToscaireachtaí | | | | | | | |
| **01 01 01 02** (CA, INT, SNE – taighde indíreach) | | | | | | | |

38 Baill foirne ar conradh AL = Ball Foirne Áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

39 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

40 Le haghaidh Chistí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) go príomha.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ath-úsáideadh laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

Ba cheart tuairisc ar ríomh an chostais i gcomhair FTE (coibhéis lánaimseartha) a bheith ar áireamh i roinn 3 d'Iarscríbhinn V.

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☑ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☑ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

Éileofar leis cúraimí a leithdháilfear ar EMSA athchlárú na líne buiséid don ranníocaíocht bhliantúil leis an nGníomhaireacht (02 10 02) faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha. Déanfar an méadú ar leithreasuithe le haghaidh EMSA a fhritháireamh le laghdú cúiteach ar chaiteachas cláraithe faoi Iompar CEF (02 03 01) faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha. Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

– ☐ Teastaíonn ón togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[41].

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamhmheasta thíos:

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

41 Féach Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027.

## 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

☐ má tá an tioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

| Líne bhuiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Teideal an togra/tionscnaimh[42] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a nimreofar tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

| |
|---|
| |

42 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.